



**RTÉ**

RADIO TELEFÍS ÉIREANN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA 2005

# IS É FÍS RTÉ CUR LE MUINÍN MHUINTIR NA hÉIREANN AS AN tSEIRBHÍS MAR FHOINSE EOLAIS AGUS INSPIORÁIDE A LÉIRÍONN AGUS A SHAIBHRÍONN A SAOL.

Is é misean RTÉ:

- éagsúlacht chultúrtha agus réigiúnach mhuintir na hÉireann go léir a chothú agus a léiriú
- cláir agus seirbhísí sainiúla uaillmhianacha de shárchaighdeán a chur ar fáil, agus béim a chur ar léiriúcháin bhaile
- Muintir na hÉireann a choinneáil ar an eolas leis an tseirbhís nuachta chuimsitheach neamhspleách is fearr is féidir
- Rannpháirtíocht náisiúnta i ngach mórimeacht a éascú

| CLÁR                                                          | LCH |
|---------------------------------------------------------------|-----|
| Buaicphointí                                                  | 1   |
| Ár gcuid Oibre                                                | 2   |
| Ráiteas an Chathaoirligh                                      | 4   |
| Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra                           | 6   |
| Athbhreithniú airgeadais                                      | 22  |
| An tÚdarás                                                    | 26  |
| An Bord Feidhmeannais                                         | 28  |
| Rialachas corparáideach                                       | 30  |
| Tuairisc chomhaltaí an Údaráis                                | 34  |
| Tuairisc an choiste iniúchóireachta                           | 35  |
| Tuairisc faoi luach saothair                                  | 37  |
| Ráiteas faoi fhreagrachtaí na gComhaltaí Údaráis              | 39  |
| Tuarascáil an iniúchóra neamhspleáigh                         | 40  |
| Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta                         | 41  |
| Ráiteas ioncaim agus caiteachais an Ghrúpa                    | 44  |
| Ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus caillteanas aitheanta | 45  |
| Clár comhardaithe an Ghrúpa                                   | 46  |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid an Ghrúpa                      | 47  |
| Clár comhardaithe RTÉ                                         | 48  |
| Nótaí atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa            | 49  |
| Stair airgeadais                                              | 86  |
| Cairt                                                         | 87  |
| Eolas staitisticiúil breise                                   | 93  |
| Innéacs                                                       | 100 |

Údarás Radio Telefís Éireann

An cúigiú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa is daichead do na 12 mí dar críoch 31 Nollaig 2005, arna chur i láthair an Aire Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha de bhun ailt 25 agus 26 den *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*.

“Bliain eisceachtúil a bhí i 2005 ó thaobh aschuir de agus ba í an bhliain ba rathúla a bhí riamh ag RTÉ maidir le díolacháin de, in ainneoin na dianiomaíochta sa timpeallacht chraoltóireachta.”

Cathal Goan, Príomh-Stiúrthóir

**€170.1m** d'ioncam ón Táille  
Cheadúnais, méadú 2.4%

**€199.8m** d'ioncam tráchtála,  
méadú 13.0%

**€9.3m** d'fharasbarr glan  
(roimh FRS 17), méadú 36.4%

## Teilifís

Ar RTÉ a craoladh 97 de na 100 clár ba mhó lucht féachana i 2005


## Raidió

Is ar RTÉ a chraoltar 18 de na 20 clár is mó lucht éisteachta náisiúnta


## Nuacht

Bhí os cionn milliún duine ag breathnú ar *Six One* nó *Nine O'Clock News* RTÉ gach lá le linn 2005


**Ioncam tráchtála**




**Farasbarr glan**  
(roimh FRS17)




**Cláir de dhéantús Éireannach ar Theilifís RTÉ**  
(buaicuaireanta)



**Sciar iomlán Theilifís RTÉ den lucht féachana**  
(buaicuaireanta)



**Raidió RTÉ - Rochtain iomlán deireadh seachtaine**



\* Bunaithe ar rochtain charnach 1+ nóiméad in aghaidh an lae.

# ÁR gCUID OIBRE

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann. Is é ceannródaí mheáin chumarsáide na hÉireann é, a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse agus raidió saor le haer do phobal na hÉireann i mBéarla agus i nGaeilge. Is seirbhísí cuimsitheacha ardchaighdeáin iad atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá neamhchlaonta freisin, de réir na gceangal reachtúil atá ar RTÉ. Ina measc sin tá:

## RAIDIÓ

Tá ceithre stáisiún raidió á reáchtáil ag RTÉ.

### RTÉ RADIO 1

RTÉ Raidió 1, a bhfuil nuacht, eolas, gnéchláir, díospóireachtaí agus spórt mar dhúshraith faoi.

### RTÉ 2fm

RTÉ 2fm, an príomhstáisiún náisiúnta cainte agus popcheoil don aoisghrúpa faoi 35.

### RTÉ lyric fm

RTÉ lyric fm, ar cainéal ceoil chlasaiceach agus ealaíon atá ann.

### RTÉ RAIDÍO NA GAELTACHTA

RTÉ Raidió na Gaeltachta, a chuireann seirbhísí i nGaeilge ar fáil atá cosúil go leor le seirbhísí RTÉ Raidió 1 ó thaobh ábhair de. Cuirtear béim ar leith ar an gceol traidisiúnta, ar nuacht áitiúil agus ar chúrsaí reatha sna pobail Ghaeltachta éagsúla.

## TEILIFÍS

Tá dhá chainéal teilifíse saor le haer á reáchtáil ag RTÉ, mar atá RTÉ One agus RTÉ Two, dhá chainéal a chomhlánaíonn a chéile.

### RTÉ ONE

Is é RTÉ One an príomhstáisiún teilifíse seirbhíse poiblí in Éirinn, a sholáthraíonn nuacht údarásach agus a dhéanann clúdach ar chúrsaí reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireann sé raon cuimsitheach ábhar Éireannach ar fáil, idir scéalta fíora, siamsaíocht, dhrámaíocht agus chlár faoi stíleanna maireachtála agus roghnaíonn sé ábhair oiriúnacha ó fhoinsí eile chun freastal ar lucht féachana leathan.

### RTÉ TWO

Stáisiún ilseánrach is ea RTÉ Two a fhreastalaíonn ar shainluchtanna féachana trasna an sceidil go léir. Is ar an stáisiún seo a chraoltar *The Den*, le haghaidh daoine óga, agus a chraoltar clár Spóirt RTÉ sa lá. San oíche, diríonn an stáisiún ar lucht féachana a bhfuil meon na n-óg acu, le clár nuálaíochta dhrámaíochta mar *Pure Mule* agus chlár shiamsaíochta mar *Naked Camera*. Ceannaítear clár thábhachtacha mar *Lost* agus *The Sopranos* chun an sceideal a threisiú.

## NUAIGHT

### Nuacht RTÉ

Cuireann RTÉ clár nuachta agus cúrsaí reatha ar fáil sa dá theanga, i ngach ceann dá sheirbhísí, idir raidió, theilifís agus sheirbhís ar líne. Bíonn na clár sin neamhspleách, beacht agus neamhchlaonta.

## FOILSITHEOIREACHT

### RTÉ GUIDE

Foilsíonn RTÉ an *RTÉ Guide*, an iris sheachtainiúil is mó díol in Éirinn.

### RTÉ AERTEL

Cuireann sé RTÉ Aertel ar fáil, an tseirbhís teilitéacs saor le haer is mó in Éirinn.

### RTÉ.ie

Soláthraíonn raon de sheirbhísí gréasán-bhunaithe saor in aisce ar RTÉ.ie, an suíomh gréasáin meán cumarsáide is mó éileamh in Éirinn.

Anuas air sin tá TG4, cainéal teilifíse náisiúnta a bhfuil clár Ghaeilge ag croí a sceidil. Cuid de Ghrúpa RTÉ a bhí ann ó thosaigh sé ag craoladh sa bhliain 1996, agus leanfaidh sé ar aghaidh mar sin go dtí go mbeidh athbhreithniú ar a struchtúr úinéireachta curtha i gcrích ag an Rialtas.

## LÍONRA

## Líonra RTÉ

Soláthraíonn RTÉ líonra tarchuradóireachta analógach náisiúnta, le haghaidh a chuid stáisiún raidió agus teilifíse féin agus le haghaidh TV3 agus Today fm. Ligeann sé spás túir amach ar cíós do stáisiún raidió áitiúla freisin agus do raon páirtithe atá bainteach le seirbhísí leathanbhanda, le líonraí fón póca agus leis na seirbhísí éigeandála srl.


## GRÚPAÍ OIRFIDE

## Grúpaí Oirfide RTÉ

Cuireann RTÉ go mór leis na healaíona in Éirinn, agus ritheann cúig cinn de Ghrúpaí Oirfide, lena n-áirítear:

- Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ
- Ceolfhoireann Choirme RTÉ
- RTÉ Vanbrugh Quartet
- Cór Fiolarmónach RTÉ
- Cór na nÓg RTÉ

## STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA



Is iad Feidhmeannaigh RTÉ a bhainistíonn na Rannóga Comhtháite Gnó agus Seirbhísí Comhroinnte an Ghrúpa ó lá go lá. Tuairiscíonn an Phríomh-Stiúrthóir díreach d'Údarás RTÉ, ar chuir Rialtas na hÉireann de chúram air gníomhaíochtaí Ghrúpa RTÉ a mhaoirsiú.

1 Fanfaidh TG4 laistigh de Ghrúpa RTÉ go dtí go gcuirfidh an Rialtas athbhreithniú ar a struchtúr úinéireachta i gcrích.

## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Ar 31 Bealtaine 2005 tháinig deireadh le seal oifige an Údaráis a d'fhoilsigh Tuarascáil Bhliantúil 2004. Is ionann sin agus a rá gurb í seo an chéad tuarascáil de chuid an Údaráis nua a ceapadh i mí an Mheithimh 2005 agus a bhfuil sé de phribhléid agamsa a bheith i mo Chathaoirleach air ó Feabhra 2006. Molaim an tÚdarás sin agus tugaim moladh ar leith dá Chathaoirleach Patrick J. Wright. Ba de bharr a shárcheannaireachta siúd a tháinig a leithéid de bhiseach iontach ar an eagraíocht, agus táimid go mór faoi chomaoín aige as sin. Rinne an Cathaoirleach a bhí ann díreach romhamsa, Fintan Drury, obair mhór freisin. Is é saothar na beirte seo a rinne an eagraíocht chomh folláin fuinniúil agus atá sí inniu, agus a d'ullmhaigh í do dhúshláin an ama atá le teacht.

Deimhním arís go bhfuil RTÉ tiomanta do bheith ag obair leis an Rialtas chun reachtaíocht chuí a fhorbairt le go dtiocfaidh fás agus forás ar an earnáil chraoltóireachta in Éirinn.

Bliain thar a bheith gnóthach agus thar a bheith rathúil do RTÉ ba ea 2005. Léiríonn na figiúirí iniúchta gur sáraíodh na spriocanna buiséid a bhí leagtha síos agus gur méadaíodh go suntasach ar an gcaiteachas ar chlár de dhéantús Éireannach. Chabhraigh sin le RTÉ a saindualgas seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Tá Teilifís RTÉ ag baint leasa as torthaí na hinfheistíochta agus ag mealladh tuilleadh breathnóirí dílse thar raon leathan seánraí. Bhí cúrsaí níos deacra ag Raidió RTÉ, áfach. Tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a bhíonn ag éisteacht le stáisiúin raidió áitiúla, agus is maith an rogha sin a bheith ag éisteoirí cé gurb é an craoltóir náisiúnta atá thíos leis go pointe áirithe. Beimid ar ár ndícheall ag iarraidh an taoide a chasadh sna blianta amach romhainn. Déarfadh daoine gur deacair dúinn sin, ach is féidir é a dhéanamh. Is leor mar eiseamláir air sin an *RTÉ Guide*. Mhéadaigh ar an líon cóipeanna a díoladh sa bhliain 2005 i ndiaidh go ndearnadh athchóiriú air – an chéad mhéadú ar feadh deich mbliana agus sin i margadh a bhfuil an iomaíocht ag dul i ngéire ann.

Caithfidh RTÉ a bheith in ann cuntas iomlán a thabhairt ar ár maoiniú poiblí uile agus tuairiscí trédhearcacha, cuimsitheacha a sholáthar mar gheall ar ár Rannáin Chomhtháite Ghnó (IBDanna), ár seirbhísí agus seánraí cláir. Mar atá dearbhaithe cheana, is eagraíocht neamhbhrabúsach é RTÉ agus ní mór dó buiséadú i gcomhair farasbairr réasúnta, agus a leithéid d'fharasbarr a bhaint amach chun gur féidir é a úsáid ar mhaithe leis an gcothabháil riachtanach agus na tionscadail fhorbartha a bhíonn le cur i gcrích ag gach ceann de na IBDanna. Ceann de na príomhthionscadail fhorbartha sna blianta 2005 agus 2006 is ea Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT). Sa bhliain 2005,

chuir RTÉ cuntas an-chuimsitheach maidir le tionscnamh agus lánsoláthar DTT faoi bhráid an Aire Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha agus táimid réidh chun ról cuí a imirt i dtaca leis an ábhar rithábachtach seo. Deimhním arís go bhfuil RTÉ tiomanta do bheith ag obair leis an Rialtas chun reachtaíocht chuí a fhorbairt le go dtiocfaidh fás agus forás ar an earnáil chraoltóireachta in Éirinn.

Ó ghlac mé le mo dhualgais mar Chathaoirleach ar an Údarás, chuir mé sonrú san fhócas atá ag muintir RTÉ ar:

- an dea-rialachas;
- cláir agus ábhair d'ardchaighdeán; agus
- éifeachtúlacht.

Ildir sin agus díograis na foirne, is féidir linn ár n-aghaidh a thabhairt ar na dúshláin amach romhainn go lánmhuiníneach. Beidh cur síos ar chuid mhaith de na dúshláin sin i *bPlean Corparáideach Straitéiseach RTÉ 2006 – 2010*. Tá an tÚdarás ag súil leis an bPlean sin a chur i bhfeidhm.

Tá mé buíoch don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha agus dá chuid oifigeach as a gcomhar leanúnach agus a spéis i bhforbairt an Chraoltóra Náisiúnta Seirbhíse Poiblí.

**Mary Finan**

## ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-STIÚRTHÓRA



Bliain shuntasach a bhí i 2005 i dtaca le cláir raidió agus teilifíse araon, agus ba mhór an chabhair an infheistíocht bhreise a rinneadh in ábhair de dhéantús Éireannach. Bliain a bhí ann inar chomhlíon RTÉ na gealltanais go léir a d'fhoilsigh sé maidir le cláir agus cúrsaí airgeadais agus corparáideacha. Ceapadh Údarás nua ar RTÉ agus leanadh den obair ar Phlean Straitéiseach Cúig Bliana a ullmhú a chuirfear faoi bhráid an Aire Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha faoi dheireadh an chéad cheathrú den bhliain 2006. Ní hé amháin go raibh bliain rathúil ann ó thaobh na gclár ach, faoi mar a mhínítear go mion sna hailt thíos, bhí bliain mhaith tráchtála ag gach ceann de na Rannáin Chomhtháite Ghnó (IBDanna). Sa chomhthéacs seo, agus coinníollacha eacnamaíocha fabhrach ann, agus i ndiaidh dúinn feidhmiú go han-éifeachtach ar fad, coinnítear smacht leanúnach ar chostais.



Is cláir de chuid Theilifís RTÉ i gcónaí formhór na 100 clár is mó lucht féachana sa bhliain.

Ba é an toradh a bhí ar an infheistíocht bhreise seo ar chlár de dhéantús Éireannach ná sraitheanna ar nós *Killinaskully*, *Pure Mule* agus *The Clinic*, a bhain rátaí arda amach.

## TEILFÍS

### Cúrsaí iomaíochta

Caithfidh feidhmiú Theilifís RTÉ sa bhliain 2005 a mheas i gcomhthéacs na hiomaíochta a bheith géaraithe go mór. Idir Mí na Nollag 2004 agus Mí na Nollag 2005 d'aistrigh 108,000 teaghlach (nó 8% den daonra) go córais dhigiteacha. Tá córais dhigiteacha in úsáid ag 607,000 teaghlach (nó 43% den daonra) inniu agus bíonn teacht acu ar an-chuid cainéal cábla agus satailíte Béarla.


Sa chomhthéacs sin, d'fheidhmigh RTÉ go láidir le linn 2005. Mhéadaigh sciar RTÉ den lucht féachana náisiúnta le linn buaicuaireanta (18.00-23.30) ó 43.9% go 44.1% ó bhliain go bliain. Fiú sna tithe sin ina bhfuil iliomad cainéal le fáil (an timpeallacht is déine iomaíocht) mhéadaigh sciar RTÉ den lucht féachana fásta, ó 38.6% go 38.8%.

Is cláir de chuid RTÉ i gcónaí formhór na 100 clár is mó lucht féachana sa bhliain. As measc na 100 clár ba mhó lucht féachana sa bhliain 2005, ba ar RTÉ a craoladh 97 acu agus ba chlár de dhéantús Éireannach 80 díobh sin. Chabhraigh an sciar folláin sin le méadú leanúnach a bhaint amach ar ioncam fógraíochta, rud a chuireann ar ár gcumas dúinn breis caiteachais a dhéanamh ar chlár de dhéantús Éireannach.

Mealladh pobail féachana mhóra de thoradh na hinfheistíochta breise seo. I measc na samplaí ar RTÉ One bhí an tsraith faisnéise ceithre chlár, *Haughey*, *Rip Off Republic*, arna láithriú ag Eddie Hobbs agus an dara sraith de *Killinaskully*, a bhfuil Pat Shortt sa phríomhpháirt ann. Bhí éileamh suntasach ar an tríú sraith de *The Clinic*, *The Symphony Sessions* agus *The Asylum*. Bhí cláir ar RTÉ Two a bhain ardrátaí féachana amach freisin, mar shampla an tsraith dhrámaíochta *Pure Mule*, atá suite i lár na tíre, agus na seónna 'ceamara ceilte' *Naked Camera* agus *Anonymous*.

Is cuid den deireadh seachtaine iad an *Late Late Show* agus *Tubridy Tonight* agus tá áit thábhachtach sa sceideal ag *Fair City* i gcónaí. Chabhraigh *Karl Spain Wants A Woman*, *The Panel* agus *The Ex-Files* le hathchóiriú RTÉ Two. Rinneadh athlainseáil ar Chláir do Dhaoine Óga san fhómhar, le sceideal nua ina bhfuil *Dustin's Daily News* agus *The Café*. Ar na buaicphointí spóirt bhí Craobh Hacaí na hEorpa, Craobhacha CLG agus Sraith na Seaimpíní. Is cláir Ghaeilge d'ardchaighdeán iad *Scannal* agus *Léargas* agus ba den ardchaighdeán céanna *Three 60*, *Mono* agus *Altered States*, a craoladh le linn 2005.

### Cláir de dhéantús Éireannach ar Theilifís RTÉ le linn Buaicuaireanta de réir Seánra - RTÉ Uile



# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-STIÚRTHÓRA AR LEAN

Mhéadaigh ioncam ó urraíocht teilifíse faoi 17% ón mbliain 2004 go €5.8m.

Méadú 41% a tháinig ar Mharsantacht Teilifíse ón mbliain 2004, agus bhí ocht DVD de chuid RTÉ sna 30 DVD ba mhó díol thar aimsir na Nollag.

## Ioncam tráchtála

Níor gnóthaíodh riamh a oiread ioncaim teilifíse agus a gnóthaíodh sa bhliain 2005.

Ba é an *glanioncam ó fhógraíocht teilifíse* i 2005 ná €124.1m agus is ionann sin agus méadú 17% ón mbliain 2004, bliain a bhí sách rathúil ó thaobh ioncaim de. Baineadh an méid sin amach in ainneoin an iomaíochta a bheith dulta i ngéire. Sa bhliain 2005 amháin bhí trí stáisiún nua ag iarraidh fógróirí Éireannacha a mhealladh, agus praghsanna cuid mhaith níos ísle á dtairiscint acu ar son fógraí a chur i láthair an phobail. Bhí 14 stáisiún ag díol fógraíochta ar mhargadh na hÉireann sa bhliain 2005, i gcomparáid le seacht gcinn sa bhliain 2003.

Ba iad na heochair-réimsí fáis sa bhliain 2005 ná Bia (+24%), Miondíol (+32%), Deochanna (+27%), Teileachumarsáid (+50%) agus Mótair (+52%), agus ba é an méadú iomlán trasna na gcatagóirí seo ná €16.4m. Is díol spéise nach bhféadfaí ach dhá cheann de na cúig chatagóirí seo a áireamh mar chatagóirí “traidisiúnta” san fhógraíocht teilifíse, is é sin Bia agus Deochanna. Páirt mhór dár rathúlacht le tamall anuas is ea an fócas seo ar chatagóirí fógraíochta neamhthraidisiúnta, ar ghnách leo a bheith ag brath ar na meáin chlóite den chuid is mó.

Mhéadaigh ioncam ó *urraíocht teilifíse* faoi 17% ón mbliain 2004 go €5.8m. Arís eile, ba é seo an t-ioncam ba airde riamh sa réimse seo agus tháinig sé de thoradh ar roinnt sraitheanna nua, cuid acu de dhéantús Éireannach, cuid acu a ceannaíodh isteach, agus a cuireadh ar fáil d’urraithe ionchasacha. Gné spéisiúil den urraíocht sa bhliain 2005 ná go raibh tuilleadh spéise ag na hurraithe ionchasacha deiseanna a thapú trasna mheáin RTÉ uile - idir Theilifís, Raidió agus Fhoilseacháin.

Cé gur beag iad i dtéarmaí foriomlána, tháinig fás láidir ar shruthanna eile ioncaim le linn 2005, lena n-áirítear *stiúideonna tráchtála* agus *marsantacht teilifíse*. Méadaigh ar ioncam ó stiúideonna tráchtála faoi 70% ón mbliain 2004, agus léiríodh fógraí agus sreangáin urraíochta do chliant ar nós Diageo, Nestlé, FBD, Goodfellas, Dominos, Benecol agus Gaelic Telecom. Méadú 41% a tháinig ar Mharsantacht Teilifíse ón mbliain 2004, agus bhí ocht DVD de chuid RTÉ sna 30 DVD ba mhó díol thar aimsir na Nollag. Bhí cúig cinn díobh sin ar na 20 DVD ba mhó a raibh éileamh orthu.

## Cúrsaí oibriúcháin

Rinneadh an tarchur ar ardáin dhigiteacha a aistriú go scáileán leathan thar thréimhse sé mhí. Is ar scáileán leathan a léirítear gach clár ‘intí’ anois, ach amháin an Nuacht. Maidir leis na breathnóirí sin a bhíonn ag brath ar líonra analógach trastíre, feiceann siad pictiúir i bhformáid chomhréitithe. Is ionann sin agus a rá go bhfuil RTÉ ag cloí le nósanna na mórchraoltóirí eile san Eoraip. Cuireadh an t-aistriú seo i gcrích go réidh is go socair, de thoradh ar chomhobair dhlúth idir lucht déanta clár agus an fhoireann theicniúil agus teicneolaithe.



I measc na gclár ar sceideal nua deireadh seachtaine RTÉ Radio 1, bhí *Playback* agus *Mooney Goes Wild*, a bhain rátaí arda amach.

Chuir Raidió na Gaeltachta tús le *Anocht fm* i mí na Bealtaine, sruth nua oíche do dhaoine óga.

## RAIDIÓ

Cuid den ghnáthshaol laethúil is ea dea-sheirbhísí raidió. Go deimhin ní gnách linn iontas ar bith a dhéanamh de, ach é a bheith ar siúl i gcónaí sa chistin nó sa charr. Ach is amhlaidh go bhfuil an raidió in iomaíocht inniu le meáin mhealltacha eile, agus go gcaithfidh sé a bheith nuálaíoch chun aird na ndaoine a choimeád. Tugtar ceadúnais do stáisiúin nua gach uile bhliain agus cuireann áiseanna leathanbhanda, iPod agus comhaid MP3 rogha níos fairsinge ar fáil d'éisteoirí ar shlí gur féidir leo a nósanna éisteachta féin a rialú. Mar sin de, caithfidh RTÉ é féin a athchruthú de shíor, ag athrú na seanmhodhanna de réir a chéile agus ag seiftiú bealaí nua le é féin a fhí isteach i ngnáthshaol na ndaoine - lena chlúdach ar chúrsaí reatha, spórt, ceol agus gnéchláir.

### Cúrsaí iomaíochta

Ó thaobh na tráchtála de, tá tréimhse dhúshlánach roimh RTÉ. Ní hé amháin go bhfuil RTÉ in iomaíocht le 29 stáisiún tráchtála ceadúnaithe, ná go dtosóidh tuilleadh seirbhísí nua raidió ag craoladh go luath amach anseo - idir áitiúil, réigiúnach agus neas-náisiúnta. Is amhlaidh atá rogha agus smacht ag luchtanna éisteachta atá i ndiaidh a nósanna éisteachta a athrú scun scan. Bíonn cainéil raidió le fáil sna pacáistí teilifíse cábla agus satailíte agus tá na céadta seirbhís le fáil ar an Idirlíon. Is iad daoine san aoisghrúpa idir 15 agus 35 is mó a úsáideann na teicneolaíochtaí nua - leathanbhanda, podchraoladh agus seinnteoirí MP3. Is iad seo an lucht féachana is mó is mian le fógróirí a shroicheadh.

Sin ráite, bíonn an-chuid Éireannach ag éisteacht leis an raidió i gcónaí - éistean 85% den daonra ar feadh breis agus ceithre huaire an chloig sa lá, ar an meán. Bíodh sin mar atá, tá an lucht éisteachta laethúil raidió tite faoi 4% ó 2000 i leith. Is ar RTÉ a bhí 18 de na 20 clár ba mhó lucht éisteachta sa bhliain 2005, agus bhí lucht éisteachta líonmhar ag gach clár acu sin, ach tá ár sciar den lucht éisteachta náisiúnta laghdaithe ó 55% go 43% le cúig bliana anuas.

Caithfidh gníomhú go muiníneach agus go hiomaíoch. Caithfidh freastal ar luchtanna éisteachta nua, agus tuilleadh éisteoirí a mhealladh sna hamanna sin is eol dúinn daoine

a bheith le fáil agus fonn orthu éisteacht le dea-chláir raidió. Sin atá taobh thiar den sceideal nua deireadh seachtaine a d'fhógair RTÉ Radio 1 i bhfómhar na bliana 2005, atá tar éis tuilleadh éisteoirí a mhealladh.

Is é dúshlán RTÉ cloí lena fhéiniúlacht shainiúil mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí agus a sceidil a líonadh le cláir ardchaighdeán a fhreastalaíonn ar raon leathan spéiseanna. Is trína bheith ina cuid ábhartha de shaol na hÉireann, agus trí áit lárnach a bheith aige i measc mheáin chumarsáide na hÉireann, a ghnóthóidh RTÉ an tacaíocht phoiblí a theastaíonn chun a mhaoiniú poiblí agus a ioncam tráchtála a thabhairt slán.

### Cláir

Bhí athruithe tábhachtacha ar sceidil gach ceann de cheithre chainéal raidió RTÉ le linn 2005. Lainseáil Marian Finucane a clár nua deireadh seachtaine ar RTÉ Radio 1 i Meán Fómhair; tháinig Ryan Tubridy go RTÉ Radio 1 ó RTÉ 2fm i Meitheamh; chuir Raidió na Gaeltachta tús le *Anocht fm* i mí na Bealtaine, sruth nua oíche do dhaoine óga ina gcraoltar roinnt amhrán le liricí Béarla, an chéad uair a rinneadh a leithéid ar an gcainéal; i Meán Fómhair tháinig Marty Whelan go RTÉ 2fm le seó bricfeasta a láithriú; agus rinne RTÉ lyric fm athchóiriú ar a sceideal iarnóna agus ar a sceideal tráthnóna, agus tugadh cláir nua deireadh seachtaine isteach freisin.

Rinneadh clúdach cuimsitheach raidió ar imeachtaí idirnáisiúnta - an Súnamaí, Hairicín Katrina, bás an Phápa Eoin Pól II agus toghadh an Phápa Benedict XVI, buamáil Londen agus toghcháin i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain.

Maidir le cúrsaí an bhaile, bhí *Five Seven Live* in ann tarraingt ar acmhainní an aonaid nua fhiosraithe chun tuairisceoireacht chuimsitheach a dhéanamh ar chás Brian Rossiter. Bronnadh duais Justice and Media ar Philip Boucher Hayes mar chomhartha aitheantais ar an bhfiosrú sin. I measc bhuaicphointí na bliana ar *Liveline* bhí scéal Kunle Elukanlo, mac léinn as an Nigéir a díbríodh as Éirinn agus a d'fhill arís, agus na táillí iomarcacha a bhí á ngearradh ag roinnt aturnaetha as ionadaíocht a dhéanamh ar son daoine i láthair an Bhoird Chúitimh um Mí-úsáid in Institiúidí.

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-STIÚRTHÓRA AR LEAN

Neartaíodh RTÉ Raidió na Gaeltachta sna Gaeltachtaí beaga nuair a osclaíodh stiúideonna nua i Maigh Eo, Dún na nGall agus Ciarraí. Tá seacht n-ionad ar fad ann anois a bhfuil ceangal ISDN acu le líonra an stáisiúin. Ainmníodh RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an tseirbhís raidió is fearr sna tíortha Ceilteacha ag *Féile Scannán agus Teilifíse na gCeilteach*. Bronnadh dhá dhuais ar chraoltóirí de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta le linn Oireachtas na Gaeilge freisin.

Tagann feabhas agus méadú ar aschur RTÉ Spóirt gach uile bhliain agus leanadh de sin sa bhliain 2005. Rinneadh clúdach ar na mórimeachtaí go léir a raibh Éireannaigh san iomaíocht iontu. Anois, nuair nach mbíonn imeachtaí áirithe le fáil ar stáisiúin teilifíse trastíre, tá sé tábhachtach go leanfaí den nós sin.

Amach as na ceithre chainéal is é RTÉ 2fm is mó atá in iomaíocht le stáisiúin nua chun éisteacha a mhealladh. Bíodh sin mar atá, sroicheann sé 21% den lucht féachana gach uile lá, agus bíonn beagnach 700,000 duine ag éisteacht leis in aghaidh an lae. Tá Gerry Ryan chun tosaigh ar na hiomaitheoirí go léir.

Sceideal níos uailmhianaí ná riamh a bhí ag RTÉ lyric fm i 2005. Bhí agallaimh agus ceolchoirmeacha le ceoltóirí clúiteacha mar Plácido Domingo, Michael Nyman, James Galway, Kiri Te Kanawa agus Maxim Vengerov. Bhí áit níos suntasaí ná riamh ag an snagcheol agus ag ceol traidisiúnta agus domhanda.

Sroicheann RTÉ 2fm 21% den lucht féachana gach uile lá, agus bíonn beagnach 700,000 duine ag éisteacht leis in aghaidh an lae.

Rinne RTÉ lyric fm athchóiriú ar a sceideal iarnóna agus tugadh cláir nua deireadh seachtaine isteach freisin.

### Cúrsaí oibriúcháin

Rinne Raidió RTÉ taighde agus meastóireacht le linn 2005 ar na roghanna maidir le seirbhísí digiteacha. Dá thoradh sin, tosaíodh ar an gcráoladh fuaime digiteach (DAB) a thriail i mí Eanáir 2006 mar léiriú ar thiomantas RTÉ a chlár shainiúla a chur ar fáil don phobal sa ré dhigiteach. Tosaíodh ar chlár a phodchraoladh i mí na Samhna 2005. Beart spreagúil a bhí ann a dhéanann sé níos fusa d'éisteoirí cláir a ordú de réir mar is mian leo éisteacht leo.

Cuireann Cartlann Raidió RTÉ ábhair ar fáil do shuíomh gréasáin Leabharlann agus Chartlann RTÉ agus táimid i ndiaidh catalóg a chur ar fáil de na dlúthdhioscaí agus na leabhair is féidir a cheannach ó [www.rte.ie/shop](http://www.rte.ie/shop). Thug RTÉ Raidió na Gaeltachta cóip dá chartlann Ultach don Ulster Folk and Transport Museum i mBéal Feirste agus tá comhaontú déanta chun cóip den chartlann Mhuimhneach a chur ar fáil d'Ionad na mBlascaod i gContae Chiarraí.

Rinneadh coigeartuithe teicniúla chun glacadh FM agus caighdeán fuaime RTÉ Radio 1 agus RTÉ 2fm a fheabhsú, chomh maith le craoltaí meánton RTÉ Radio 1.

Le linn 2005, rinne stiúideonna réigiúnacha RTÉ a líon uaireanta de chlár raidió a mhéadú faoi 12% in aghaidh na míosa, ar an meán. Is comhartha cinnte é sin go bhfuil leas á bhaint as an teicneolaíocht chun cláir a dhéanamh a léiríonn an saol lasmuigh den phríomhchathair agus na cathracha móra.

### Ioncam tráchtála

De thoradh obair na foirne díolachán Raidió RTÉ, tháinig méadú 10% ar ioncam ó bhliain go bliain, agus d'éirigh go maith le gach ceann de na trí stáisiún a mbíonn fógraí á gcraoladh acu. Cuireadh plean soiléir i gcrích ar son RTÉ lyric fm agus dúblaíodh ioncaim aerama dá bharr. Méadú substainteach is ea sin, bíodh is go rabhthas ag tosú amach ó leibhéal sách íseal. In ainneoin na dianiomaíochta ar an margadh, méadaíodh ar ioncaim aerama, urraíochta agus cur chun cinn seachas mar a bhí sa bhliain 2004.

Arís eile, feabhsaíodh leibhéal na hanailíse gnó de thoradh ar fhorbairt an Chórais Bhainistíochta Fhardal Aerama. Dá bharr sin bhíodhas in ann réamhaisnéisí a dhéanamh agus ionad cárta rátála a shocrú níos beaichte.

Bhí roinnt mhaith tionscnamh nua ann, mar shampla, aimsíodh urraí nua do na tuairiscí aimsire agus ama, cuireadh meicníochtaí SMS agus IVR ar bun le haghaidh iontrálacha i gcomórtais agus tosaíodh ag baint úsáide as saoráidí comhtháite chun fógraí a léiriú.

Ba sa bhliain 2005 a tosaíodh ar réitigh tras-mheáin a dhíol. Baineadh torthaí maithe amach sa Teilifís, Raidió agus Foilsitheoireacht, a bhuíochas sin do na struchtúir oiriúnacha a bheith ann.

Ba i mbliana a cuireadh Straitéis Mhargaíochta Raidió RTÉ i bhfeidhm. Tá plean soiléir trí bliana ann, le cur i bhfeidhm B2B (Business to Business), B2C (Business to Consumer) agus pleananna margaíochta idir na IBDanna. Feachtais shuntasacha ba ea 'We've got the nation talking' ar son RTÉ Radio 1 agus 'u know u want 2' ar son RTÉ 2 chomh maith le feachtas comhordaithe trádála ar son Raidió RTÉ trí chéile. Ba é an tionscnamh ba rathúla riamh go dtí seo ná 'it's all about u', feachtas le duaischiste €20K a ritheadh ar son RTÉ 2fm le linn an tsamhraidh. Bhí comhobair dhlúth ar siúl ag foirne ar fud RTÉ maidir le gach ceann de na tionscnaimh mhargaíochta sa bhliain 2005.

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-STIÚRTHÓRA AR LEAN

## NUAIGHT AGUS CÚRSAÍ REATHA

### Cúrsaí iomaíochta

Tá cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ ina gcuid lárnach d'fheidhm seirbhíse poiblí RTÉ agus tá ag éirí go sármhaith leo, i gcomparáid le craoltóirí eile ar fud Iarthar na hEorpa.

- Ar laethanta seachtaine, mhéadaigh *Six One* faoi 1.7 sciar-phointe i gcomparáid leis an mbliain seo caite agus shroich beagnach 48%. Tháinig méadú beag ar líon an lucht féachana freisin; bhíodh 22,000 duine breise ag breathnú air sa bhliain 2005 i gcomparáid le 2004. Méadaíodh ar a sciar den lucht féachana sa bhliain 2004 agus tá daingniú agus tógáil déanta air sin. Is mar a chéile an sciar a bhaintear amach ar an Satharn agus ar an Domhnach, le 38.4% agus 41.4% faoi seach.
- Tá méadú breis agus pointe tagtha ar an *Nine O'Clock News*, atá anois ar 40%. Tá méadú mar an gcéanna ar na figiúirí féachana agus is é an meánlíon féachana anois ná 532,000, méadú 30,000 ón mbliain 2004 (suas 6%).
- Ghnóthaigh *News on Two* RTÉ leathphointe i gcomparáid le 2004, agus shroich 13.5%. Méadaigh faoi 20,000 ar líon an lucht féachana freisin, gur sroicheadh 125,000.
- Ar feadh 7 mí amach as 12 sa bhliain 2005, mhéadaigh sciar an chláir *Prime Time* nó d'fhan mar a bhí i gcomparáid leis an mbliain 2004 (mhéadaigh an sciar nó d'fhan mar a bhí ar feadh 11 mí amach as 12 i gcomparáid leis an mbliain 2003).
- Ba é an sciar a bhí ag *Prime Time Investigates* sa bhliain 2005 (9 gclár) ná 35.1%, méadú beagnach 3 phointe i gcomparáid le 2004 (10 gclár), mhéadaigh ar an meánlíon lucht féachana faoi 77,000 go 479,000 (méadú 19%). Maidir leis an líon lucht féachana a bhí ann le linn gheimhreadh 2005 (is é sin 544,000), mhéadaigh sé faoi 30% i gcomparáid le geimhreadh 2004.
- Ba é an sciar meánach a bhí ag *Questions and Answers* sa bhliain 2005 ná 31.1%, méadú os cionn 3 phointe i gcomparáid le 2004. Méadaíodh faoi 21% ar líon iomlán an lucht féachana, go 327,000.





Bhí tubaiste an tSúnamaí ar cheann de mhórscéalta na bliana.

Éistean 476,000 duine le *Morning Ireland* gach lá.

I measc na mórscéalta nuachta a clúdaíodh le linn na bliana bhí tubaiste úd an tSúnamaí, bás Robert Holohan, bás an Phápa Eoin Pól II agus toghadh an Phápa Benedict XVI, an timpiste bus i gCo na Mí ina bhfuair scata cailíní bás, olltoghchán na Breataine agus toghcháin i dTuaisceart Éireann, buamáil London, gníomh díchoimisiúnaithe an IRA, Hairicín Katrina agus an mhaidhm thalún sa Phacastáin.

Bhí fócas ar an Afraic agus ar chúrsaí forbartha le linn 2005 - agus bhí sraith de thuairiscí raidió agus teilifíse le hAoife Kavanagh, clár fhaisnéise le Jim Fahy agus Margaret Ward, agus bhí George Lee ag tuairisciú ó chomhdhálacha móra idirnáisiúnta a raibh baint acu leis an Afraic.

Maidir le Cúrsaí Reatha, lean *Prime Time Investigates* den dea-obair agus ba chomhartha air sin an clár faoi Leas Cross. Bhí clár shuntasacha eile ann, mar shampla fiosrú speisialta *Prime Time* ar dhúnmharú Robert McCartney agus an t-agallamh a rinne Mary Wilson le Pádraig Nally.

Rinne an *Nuacht* clúdach ar leith ar thoghcháin Údarás na Gaeltachta agus craoladh roinnt tuairiscí ó na ceantair Ghaeltachta. Chomh maith leis sin, rinne an *Nuacht* clár fhaisnéise faoi iarmhairt an tSúnamaí agus clár speisialta ó Chicago sa tsraith *Féilte*.

#### Cúrsaí oibriúcháin

Beidh mórathruithe oibriúcháin ar chláir Nuachta le linn 2006, de réir mar a aistrítear go tarchur freastalaí-bhunaithe, ina n-úsáidtear teicneolaíocht ríomhaireachta chun gach ábhar nuachta a phróiseáil, a ullmhú agus a chur in eagar. Tá an t-aistriú seo go timpeallacht lándigiteach ina ghné shuntasach de straitéis fhoriomlán RTÉ gach cuid dá ghníomhaíochtaí craoltóireachta a aistriú go timpeallacht lándigiteach.

#### LÍONRA

##### Cúrsaí iomaíochta

Maidir le seirbhísí náisiúnta analógacha a sholáthar ar son chraoladh teilifíse, shocraigh ComReg go n-ainmneofaí RTÉNL, ár bhfochuideachta líonra tharchurtha, mar pháirtí a bhfuil Cumhacht Shuntasach Mhargaidh (SMP) aige agus leag síos trí oibleagáid ghinearálta a gcaithfidh RTÉNL cloí leo san am atá le teacht. Faoi mar atá an scéal anois tá RTÉNL ag cloí go hiomlán le dhá cheann de na trí hoibleagáid sin (Trédhearcacht agus gan Leithcheal a Dhéanamh). Tá mionsonraí an tríú hoibleagáid (Idirscaradh Cuntasaíochta) á mbeartú ag ComReg faoi láthair.

Maidir le seirbhísí tarchurtha analógacha a sholáthar ar bhonn áitiúil agus réigiúnach, tá gnó RTÉNL mórán mar a bhí, mar is beag minicíocht oiriúnach atá le fáil. Bíonn an iomaíocht ag dul i ngéire de réir mar a chuirtear tuilleadh suíomhanna ar fáil i gcomhair crann do sheirbhísí fón póca agus seirbhísí eile gan sreang.

Is dírithe ar an gcraoltóireacht atá bonneagar RTÉNL faoi láthair. Sin ráite, tá airde agus suíomh an bhonneagair sin oiriúnach le haghaidh túir a ligean amach ar cíós ar bhonn tráchtála (m.sh. lárphointí fón póca, raidió príobháideach agus leathanbhanda). Is beag an tairbhe do RTÉNL na forbairtí i dteicneolaíochtaí mar 3G a úsáideann cill-mhéideanna níos dlúithe agus níos gaire don tomhaltóir, fad is atá bonneagar RTÉNL suite ar bharr sléibhe nó in áiteanna iargúlta, den chuid is mó.

##### Ioncam tráchtála

Tá ioncam tríú páirtí agus an buiséad de réir a chéile. Níor tháinig an méadú tapa a rabhtas ag súil leis ar ioncam ó mhórchustaiméirí reatha. Sin ráite, thosaigh méadú gníomhaíochtaí sa dara ceathrú de 2005, de thoradh cuideachtaí nua a bheith ag teacht ar margadh nateileachumarsáide móibílí. Bhailigh an méadú sin neart le linn na bliana agus níl deireadh leis fós. Is é an

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-STIÚRTHÓRA AR LEAN

toradh a bhí air ná gur méadaíodh tuilleadh ioncaim ó na cuideachtaí nua, mar chúiteamh ar an easnamh ioncaim ó mhórchustaiméirí reatha.

Tá ioncam ó sholáthróirí leathanbhanda mall i gcónaí, agus níl ach roinnt bheag oibreoirí leathanbhanda ag glacadh spáis ar struchtúir ar leis an gcuideachta iad.

## Cúrsaí oibriúcháin

Tá infhaighteacht an chórais chun críche craoltóireachta teilifíse agus raidió inchurtha le blianta eile (99.8% nó níos mó). Chlis go tubaisteach ar threalamh phríomhláithreáin de chuid TG4 tar éis gur bhuail tintreach é. Ba é an toradh a bhí air ná éaradh i dtosach agus roinnt seachtainí de bheith ag oibriú ar chumhacht laghdaithe go luath i 2005.

Sa bhliain 2006, tá súil againn tosú ar chraoladh raidió digiteach trastíre, is é sin Craoladh Digiteach Fuaime (DAB). Déanfar ar bhonn trialach é ó Three Rock Mountain agus ó Charn Clermont d'fhonn seirbhís a sholáthar do chontaetha Lú agus na Mí agus do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Leanfar den obair i dtreo Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) a thabhairt isteach, rud a bheidh an-tábhachtach i ngnó RTÉNL amach anseo. Tá tabhairt isteach DTT agus múchadh na seanseirbhísí teilifíse analógacha á bpleanáil agus á ngníomhú ar fud na hEorpa. Níl mórán ama fágtha ag seirbhísí teilifíse analógacha in Éirinn. Sin ráite tá an reachtaíochta reatha ina bac ar fhorbairt ardán DTT in Éirinn agus teastaíonn athruithe chun DTT a chur i gcrích.



I 2005, ba é meánlíon míosúil na n-imprisean leathanaigh ar RTÉ.ie ná 15 milliún.

415,000 duine, ar an meán, a léigh an *RTÉ Guide* gach seachtain le linn 2005.

## FOILSITHEOIREACHT

### Cúrsaí iomaíochta

Díoltar 90.8m iris in Éirinn in aghaidh na bliana, agus is foilseacháin Éireannacha 20% díobh sin. 16.8% an sciar de mhargadh na n-irisí Éireannacha atá ag an *RTÉ Guide*, agus 6% den mhargadh iomlán. In ainneoin an t-uafás irisí a bheith ar an margadh, d'éirigh le lucht an *RTÉ Guide* stop a chur leis an meath a bhí ag teacht ar chiorclaíocht na hirise agus, den chéad uair le roinnt blianta, d'éirigh leo an chiorclaíocht a mhéadú. Bhí ciorclaíocht le haghaidh na míonna Iúil go Nollaig 2005 méadaithe faoi 1.4% ar chiorclaíocht na míonna Iúil go Nollaig 2004, nó faoi 9.8% i gcomparáid leis an tréimhse Eanáir go Meitheamh 2005. Rinne formáid an *RTÉ Guide* a athchruthú i bhfianaise na dtorthaí a bhí ar thaighde i measc tomhaltóirí. Cuireadh 'comharthaí treo' ar an gclúdach tosaigh agus cuireadh dathanna áirithe leis an mbarrtheideal. Cuireadh tús le forlonta agus le gné-ailt nua mar gheall ar chlár áirithe. Ina measc seo bhí dlúthdhiosca agus póstaer Dawn Chorus, an irisín *Show Me the Money*, agus an irisín *Sunday Game*.

Tá an-iomaíocht ar an margadh ar líne agus d'éirigh le RTÉ.ie dul san iomaíocht le raon leathan d'ábhair ilmheáin a nuashonraítear go rialta. Ba é meánlíon na n-imprisean leathanaigh ar RTÉ.ie in aghaidh na míosa i 2005 ná 14.97m. Is ionann sin agus méadú 51% ar an mbliain 2004. Tá modhanna neamhspleácha á bhforbairt sa tionscal chun feidhmiú a thomhas agus níl tagarmharcanna neamhspleácha tagtha in aibíocht fós. Sa bhliain 2005, bhuaigh RTÉ.ie dha dhuais Golden Spider don "Suíomh Gréasáin Meán Chumarsáide is Fearr" agus an "tÁbhar Móibíleach is Fearr". Tá straitéis fhorbartha RTÉ.ie bunaithe ar fhorbairt a dhéanamh ar líon agus ar raon na n-ábhar ar líne agus na gclár raidió agus theilifíse RTÉ a chuirtear ar fáil ar bhonn éilimh.

Is é RTÉ Aertel an príomhsholáthróir seirbhísí teileatéacs ar an margadh agus is é an t-aon oibreoir Éireannach a chuireann seirbhís iomlán ar fáil. Léiríonn an suirbhé is déanaí le Nielsen Establishment go mbaineann 858,000 teaghlach úsáid as Aertel (92% de gach teaghlach a bhfuil teacht acu ar Aertel). Is méadú 6.5% é sin ar an mbliain 2004. Rinne 2.06m duine Aertel a rochtain i 2005, méadú 5.6% ar an mbliain 2004.

Tá forbairtí margaidh ag titim amach sna hardáin dhigiteacha go léir agus bíonn acmhainn iomaíochta na seirbhísí ag dul i méid i gcónaí. Níl aon seirbhís téacs digiteach á thairiscint ag oibreoir Éireannach fós.

Tá aonad teileachumarsáide tráchtála thar a bheith rathúil á reachtáil ag Foilsitheoireacht freisin. Chomh maith le comórtais agus vótáil a éascú ar son na gclár, thosaigh siad ag soláthar seirbhíse téacs-go-scáileán ar chlár mar an Late Late Show agus *The Big Bite*, a chuireann ar a gcumas don lucht féachana a dtuairimí i dtaobh cibé plé atá ar siúl sa chlár a théacsáil isteach. Sa bhliain 2005, sheol luchtanna féachana RTÉ 6.6m teachtaireacht agus bhí 58 clár ann a raibh idirghníomhaíocht de shaghas éigin acu leis an lucht féachana.

### Cúrsaí oibriúcháin

Tá RTÉ ag déanamh obair cheannródaíoch maidir le hábhair mhóibíleacha a fhorbairt, trí ábhair fhíse nuachta, spóirt agus siamsaíochta a chur ar fáil. Rachaidh an iomaíocht ar an margadh seo i ngéire de réir mar a neartaíonn seirbhísí 3G agus leathanbhanda, agus de réir mar a roghnaíonn tomhaltóirí gléasanna nua chun teacht ar ábhair.

Cuireadh ábhair ó RTÉ le fáil chun scaipeadh ar ardáin mhóibíleacha 3G in Éirinn i mbliana. Ina measc sin bhí na clár laethúla nuachta *One O'Clock* agus *Six One*, os cionn 150 pacáiste físe ó chluichí agus sacar UEFA. Ba é *Karl Spain Wants A Woman* an chéad chlár teilifíse Éireannach a cuireadh ar fáil ar 3G, chomh maith le gearrthóga ón seó, píosaí nár craoladh, réamhfhógraí.

Dar le RTÉ gur ardáin mhalartacha iad Leathanbhanda agus IPTV a chomhlánaíonn an Tarchur Trastíre, Cábla agus Satailíte. Dar linn go bhfuil ról lárnach ag an idirlíon san aistriú ó thomhaltas líneach go dtí thomhaltas de réir éilimh, de réir mar a fhorbraíonn sé ó fhoinsé eolais téacs-bhunaithe go dtí timpeallacht ilmheáin iomlán. Ar an meán, cuireann RTÉ.ie 500,000 comhad fuaime/físe ar fáil in aghaidh na míosa. Is féidir éisteacht le craoladh beo de cheithre stáisiún raidió RTÉ.

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-STIÚRTHÓRA AR LEAN



Sa bhliain 2005, méadaíodh ar mhéid na n-ábhar físe a chuirtear ar fáil ar bhonn éilimh sa chaoi is go soláthraítear 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine de Nuacht (*One O'Clock*, *Six One* agus *Nine o'Clock*) agus Cúrsaí Reatha (*Prime Time*, *Questions and Answers* agus *Nationwide*), agus tuilleadh chlár shiamsaíochta ó Theilifís RTÉ, lena n-áirítear an *Late Late Show*, *No Frontiers* agus *Off the Rails*. Bíonn gearrthóga físe ó chlár na bpáistí ar *The Den* le fáil ar bhonn leanúnach ó shuíomh gréasáin RTÉ.

Lainseáladh leagan PDA de RTÉ.ie i nDeireadh Fómhair 2005 ar [www.rte.ie/pda](http://www.rte.ie/pda).

San am atá le teacht, beidh cearta sna meáin nua ina gceist oibriúcháin thábhachtach. Tá an margadh á fhorbairt i gcónaí agus níl aon chomhleanúnachas ann maidir le samhlacha ceadúnaithe.



Bhí 240 ceolchoirm le Grúpaí Oirfide RTÉ le linn 2005, agus d'fhreastail breis agus 212,000 duine orthu.

D'eagraigh Grúpaí Oirfide RTÉ 94 imeacht oideachasúil, idir choirmeacha, cheardlanna agus chainteanna réamhchoirme.

## GRÚPAÍ OIRFIDE

### Léirithe agus luchtanna éisteachta

Bhí Grúpaí Oirfide RTÉ páirteach i 240 imeachtaí beo le linn 2005, méadú beag i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Rinneadh formhór mór na gcoirmeacha a bhí ag Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, ag an RTÉ Vanbrugh Quartet agus ag na cóir, a chraoladh ar RTÉ lyric fm. Craoladh saothar le Ceolfhoireann Choirme RTÉ ar RTÉ Radio 1 agus ar RTÉ lyric fm. Tháinig méadú ar líon na n-éisteoirí ag coirmeacha de chuid Ghrúpaí Oirfide RTÉ, gur sroicheadh an leibhéal is mó riamh, is é sin 212,530. Is ionann sin agus méadú 15.6% ar an mbliain 2004. Is dócha gur tharla seo de thoradh ar líon na gcoirmeacha a bheith méadaithe beagán, agus ar roinnt imeachtaí tríú páirtí a tharraing an-chuid éisteoirí. Mhéadaigh an meánlíon éisteoirí ag gach imeacht faoi 14.2%. Is é an toradh a bhí air ná gur mhéadaigh ar ioncam na rannóige faoi €424,000 gur sroicheadh €2.307m ar fad.


Bliain rathúil ó thaobh na healaíne de a bhí ag Ceolfhoireann Shiansach RTÉ (RTÉNSO), agus cuireadh clabhsúr ar shéasúr 2004/2005 le Beethovenfest seachtaine a raibh an-éileamh air agus an chéad léiriú de *The Bitter Tears of Petra von Kant*, ceoldráma le Gerald Barry a chomhchoimisiúnaigh RTÉ. Rinneadh an léiriú seo a thaifeadh freisin. Baineadh caighdeán ard amach le linn sheisiún gearr an tsamhraidh chomh maith, agus bhí roinnt léirithe breátha i dtús an tséasúir reatha 2005/6 thar raon leathan den *repertoire*. Cuireadh tús, mar shampla, le sraith thábhachtach de shiansaí Shostakovitch. Buaicphointe eile ba ea an tsraith theilifíse *The Symphony Sessions* ar RTÉ.

D'éirigh go maith le Ceolfhoireann Choirme RTÉ (RTÉCO) thar raon leathan den *repertoire*, in ainneoin athruithe suntasach ar chúrsaí gnó. Bhí méadú suntasach ar líon na dtionscnamh tríú páirtí, lena a n-áirítear coirmeacha le Plácido Domingo, Jose Carreras, Luciano Pavarotti agus Kiri Te Kanawa. Rinneadh athruithe ar an tsraith chlasaiceach de sheónna sa Helix toisc nach raibh ach slua beag daoine ag teacht go dtí an t-ionad, in ainneoin ardchaighdeán an cheoil, go háirithe an léiriú breá den *Creation* le Haydn. Bliain bhisúil a bhí ann ó thaobh obair shiamsaíochta na Ceolfhoirne agus ó thaobh a léirithe ar son Opera Ireland.

Lean RTÉ Vanbrugh Quartet (VQ) dá séasúir choirmeacha i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus d'éirigh go maith leis an aistriú go dtí ionad tionóil nua i mBaile Átha Cliath, is é sin an Gailearaí Náisiúnta. Chuaigh siad ar a gcamchuairt go forleathan agus sheinn in ionaid tionóil bheaga ar fud na réigiúin. Ba iad an Quartet an dúshraith faoi *Fhéile Cheol Aireagail Iarthar Chorcaí*, ar féile bhisúil í, agus fós faoin chéad fhéile le Ceathairéid Eorpacha a ritheadh i gCorcaigh le linn Chorcaigh 2005. Anuas air sin, thaifead siad a gcéad dlúthdhiosca ar son RTÉ lyric fm (atá le heisiúint i 2006) agus eisíodh dlúthdhiosca de cheol Stanford ar an lipéad Hyperion. Mhol na léirmheastóirí an dlúthdhiosca.

Chloígh Cór Fiolarmónach RTÉ le sárchaighdeán ar fad agus bhí siad páirteach sa líon is airde riamh de choirmeacha le RTÉ NSO. Lean Cór na nÓg RTÉ ag dul chun cinn faoina stiúrthóir nua. Ba é buaicphointe na bliana ná an chéad dlúthdhiosca leo a bheith curtha ar fáil ag RTÉ. Bhain sé pobal éisteachta an-leathan amach, mar cuireadh ar fáil é le cóipeanna den *RTÉ Guide*.

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-STIÚRTHÓRA AR LEAN



Imeacht rathúil ealaíne ba ea an *RTÉ Living Music Festival* sa Helix. Ba é seo an chéad deis a fuair muintir na hÉireann éisteacht le saothar Hans-Werner Henze, duine de na cumadóirí is tábhachtaí dá bhfuil beo, agus chuir an EBU an-spéis ann. Ach bhí deacrachtaí leanúnacha ann maidir le lucht éisteachta a mhealladh go dtí an Helix, agus tá athbhreithniú agus athchóiriú déanta i gcomhair 2006. Bhí an-éileamh ar *RTÉ Farmleigh Proms*, agus chuir an pobal an-spéis iontu. Lorgaíodh timpeall 160,000 ticéad sa chrannchur ticéad, agus ní raibh spás ann ach do 10,000 duine, ar a mhéad.



Is í saoire na Nollag 2005 a bhain TG4 an sciar ba mhó a fuair sé riamh, is é sin 5%.

Ba é sciar TG4 den lucht féachana náisiúnta i 2005 ná 3.2%, sciar atá measúil go maith.

## TG4

### Cúrsaí iomaíochta

Tá an cainéal fós ag baint leasa as sceideal measctha, agus is cláir Ghaeilge agus cláir do pháistí atá i 59% den aschur craolta. Ba é an sciar náisiúnta den lucht féachana i 2005 ná 3.2%, sciar atá measúil go maith, agus mhéadaigh sin go suntasach i dtreo dheireadh na bliana. Is le linn saoire na Nollag an tréimhse is géire iomaíocht i margadh na teilifíse, agus ba lena linn a bhain TG4 an sciar ba mhó a fuair sé riamh, is é sin 5%. Le linn na tréimhse seo bhí an cainéal ag sroíchint 1.28m breathnóirí in aghaidh an lae.

Is é an leibhéal íseal maoinithe ón Státchiste an t-aon bhac ar chumas forbartha an stáisiúin, agus bhíodhas ar a ndícheall ag iarraidh teacht ar a thuilleadh foinsí maoinithe oiriúnacha.

### Cláir

Tá spórt ina chuid thábhachtach de sceideal bisiúil TG4. Tá clú air cheana féin gurb é is mó a chuireann cluichí Gaelacha beo ar an teilifís ón bhfómhar go deireadh an earraigh (cluichí na bhfear agus na mban araon), agus tugadh raon níos forleithne de chineálacha spóirt isteach ar TG4 i 2005. I measc na spórt nua bhí sacar na tíre seo (Eircom League) agus imeachtaí idirnáisiúnta, mar shampla clúdach cuimsitheach beo ar Chraobhchomórtais Leadóige Wimbledon agus ar an Tour de France chomh maith le snúcar, rásaí capall agus mótaraspórt.

Níl lucht an chainéil ag iarraidh a bheith ag brath an iomarca ar sheánra ar leith, agus tá éirithe leo raon leathan clár a chur ar fáil, idir fhórasach, dhrámaíocht, 'sheónna réalaiífise', cheol agus shiamsaíocht le sraitheanna mar *Cúla4*, *Laochra Gael*, *Ros na Rún*, *Cogar*, *Bean an Tí*, *Spré na Seascadaí*, *Paisean Faisean*, *Hector san Afraic*, *Geantraí*, *Underdogs*, *Meirligh*, *Trom go Trim* agus *Glór Tíre* a raibh éileamh orthu go léir.

Bhí roinnt tarlúintí eisceachtúla ann le linn 2005, cuid acu pleanáilte agus cuid acu nach raibh aon choinne leo, a

thug deis do TG4 a gcumas a thriail agus clúdach fiúntach comhlántach a chur ar fáil. Bhí na toghcháin go Bord Údarás na Gaeltachta, agus bás an Phápa Eoin Pól II, ina ndúshlán do na foirne Nuachta agus Léiriúcháin Inmheánacha faoi seach. Meadaíodh an clúdach a dhéanann an cainéal ar mhóirmeachtaí cultúrtha bliantúla, mar Ghradam Ceoil TG4 agus Oireachtas na Gaeilge, agus moladh iad dá réir.

Páirt lárnach eile de rathúlacht an stáisiúin ba ea na cláir Ghaeilge a sholáthraíonn RTÉ do TG4 in aghaidh na bliana (365 uair an chloig). Cuireann sé sin le haschur an stáisiúin. Bhí an tseirbhís laethúil *Nuacht TG4* ina dúshraith faoi sceideal na gclár agus ba léiriú follasach laethúil é de chur chuige úd 'súil eile' maidir le scéalta nuachta a bhailiú agus a phróiseáil agus dearcadh difriúil ar chúrsaí an tsaoil a chur ar fáil.

Thar aon chainéal eile, teastaíonn ó TG4 cláir nuálaíocha a cheannach isteach, is é sin cláir a fhreastalaíonn ar lucht féachana náisiúnta agus ar lucht féachana nideoige araon. D'éirigh go han-mhaith le TG4 lucht féachana a mhealladh do na scannáin *Western* a bhíonn acu go rialta agus don chéad chraoladh ar *The OC*, sraith dhrámaíochta iomráiteach Mheiriceánach atá dírithe ar dhéagóirí.

### Cúrsaí oibriúcháin

In earrach na bliana 2005, tosaíodh scéim phiolótach le haghaidh TG4 a tharchur go hanalógach trastíre go ceantar Bhéal Feirste ó tharchuradóir ar Shliabh Dubhaise. Chomh maith leis sin, i mí Aibreáin 2005, cuireadh TG4 agus RTÉ ar fáil mar sheirbhís satailíte Sky do shíntiúsóirí i dTuaisceart Éireann. Tá na bearta seo thar a bheith tábhachtach do TG4, do phobal na Gaeilge agus do lucht féachana teilifíse i dTuaisceart Éireann.

Níor staon TG4 óna n-iarrachtaí breis maoinithe a aimsiú le haghaidh cláir Ghaeilge a dhéanamh. I 2005, bunaíodh dhá chiste a d'fhéadfadh a bheith mar eochair-chomhpháirtithe sna hiarrachtaí sin, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge do Thuaisceart Éireann agus an scéim mhaoinithe Sound and

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-STIÚRTHÓRA AR LEAN

Vision a thionscnaigh Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI). Tá lucht TG4 ag obair i ndlúthpháirt le riarthóirí an dá chiste. D'éirigh leo cheana féin maoiniú a fháil ón gCiste Craoltóireachta agus tá siad ag súil le bheith ag obair i gcomhpháirt le ciste an BCI amach anseo.

Tá fás as cuimse tagtha ar shuíomh gréasáin an chainéil agus is é anois an príomhbhealach idirghníomhaíochta don lucht féachana a ligeann don phobal, do lucht na meán agus na hacadúlachta aiseolas a chur ar fáil. D'ardaigh an trácht ar an suíomh gréasáin faoi 62% le linn 2005, agus ba as SAM do bheis agus 50% de na cuairteoirí. Bhí 19 milliún amas ar an suíomh le linn na bliana agus is léiriú ar cé chomh bisiúil is atá sé na 53,000 vóta a caitheadh ar líne le linn comórtas spóirt.

## Deighilt

Le linn an dara leath de 2005, d'oibrigh TG4 leis na páirtithe go léir atá ag plé le feidhmiú bheartas an Rialtais maidir le TG4 a bhunú mar eintiteas reachtúil ar leith, neamhspleách ar RTÉ. I mí Iúil 2005, ceapadh na comhairleoirí Deloitte & Touche agus na haturnaetha William Fry & Co chun cabhrú leis an Aire Plean Feidhmiúcháin a réiteach maidir le TG4 a bhunú go neamhspleách. Cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Aire go déanach i mí na Samhna agus tá Meamram Rialtais á ullmhú aige faoin gceist.

## Ioncam tráchtála

Mhéadaigh ioncam reatha ó dhíolacháin aerama TG4 arís i 2005. Ba é glanioncam reatha na bliana ná €3.3m, méadú 21% ón mbliain 2004. Ba mar a chéile é i gcás ioncam urraíochta i 2005. Gnóthaíodh €290k, méadú 10% ón mbliain roimhe.

Chuir lucht an chainéil roinnt feachtas margáíochta ardphróifíle ar siúl le linn na bliana freisin. Bhí na feachtais seo dírithe ar na brandaí agus na sraitheanna is clúití de chuid an stáisiúin - *Ros na Rún*, *GAA Beo*, *Paisean Faisean*, *Glór Tíre* agus *Underdogs*.

Ach oiread le blianta eile, bhuaigh cláir de chuid TG4 duaiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ag féilte agus ag imeachtaí gradamacha. Bronnadh breis agus 20 mórdhuais ar chláir agus ar ábhair de chuid TG4 le linn 2005. Ba é an ceann ba shuntasáí ná an duais ICAD a bronnadh ar *Paisean Faisean*, cúig dhuais Meán Cumarsáide ag Oireachtas na Gaeilge agus an phríomhdhuais (Sporad na Féile) ag *Féile Scannán agus Teilifíse na gCeilteach* le haghaidh *Cinegaele Paradiso*.

## An todhchaí

Tá an-chuid dúshlán roimh TG4 sa bhliain 2006 - maoiniú poiblí méadaithe a fháil chun sé huair an chloig de chlár nua Ghaeilge sa lá a chur ar an sceideal; an próiseas i dtreo stádaís neamhspleách ar son TG4 a bhainistiú; an sciar den lucht féachana a choimeád agus a mhéadú; glacadh an stáisiúin a leathnú agus áit shuntasach a bhaint amach ar na hardáin i dTuaisceart Éireann; agus an deichiú bliain den stáisiún a cheiliúradh go lúcháireach iomchuí.

## FORBAIRTÍ CAIRTE 2005

De réir dhualgaisí RTÉ, mar a mhínítear iad sa *Chairt um Chraoladh Seirbhíse Poiblí* a d'fhoilsigh an Rialtas i mí an Mheithimh 2004, rinne RTÉ roinnt beart sa bhliain 2005 chun feabhas a chur ar sholáthar a seirbhísí poiblí don phobal. Chomh maith leis na bearta a gcuirtear síos orthu i gcodanna eile den tuairisc seo ar ghníomhaíochtaí RTÉ tá:

- foilsíodh an dara heagrán, uasdátaithe agus leasaithe, de *Phrionsabail Stiúrtha RTÉ - Cur i bhfeidhm na Cairte Chraolachán Seirbhíse Poiblí*. Foilseofar an tríú heagrán sa bhliain 2006;
- bunaíodh meitheal oibre chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhartha RTÉ i bhfianaise a n-oibleagáidí faoi bhun *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* agus athbhreithniú a dhéanamh ar chlár Ghaeilge ar sheirbhísí seachas RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4;
- Leabharlanna agus Cartlann RTÉ a chur le suíomh RTÉ. ie; agus



Bhí 2,005 fostaí (FTE) ag Grúpa RTÉ ar 31 Nollaig 2005, gan STnaG san áireamh.

Is é an acmhainn is mó atá ag RTÉ ná cumas cruthaitheach agus díograis na foirne.

- rinne RTÉNL uasghrádú ar roinnt mionchóras craolacháin pobail. Mar pháirt de Thograí Féinchabhrach RTÉNL 2005, rinneadh roinnt seansuíomhanna féinchabhrach nó córas craolacháin pobail nach bhfuil á gcothabháil ag RTÉ a fheabhsú d'fhonn caighdeán inghlactha cothabhála agus sábháilteachta a chomhlíonadh sa chaoi is go gcuirfí ar liosta suíomhanna oifigiúla RTÉNL. Bhí an tionscadal dírithe ar dhá shuíomh déag sa bhliain 2005. Tá deich gcinn de na suíomhanna sin coimisiúnaithe agus na hoibreacha ar fad curtha i gcrích. I dtaca leis an dá shuíomh eile, ceannaíodh an trealamh cuí ach ní thosófar an coimisiúnú go dtí tús 2006.
- A bheith macánta oscailte inár ngníomhartha go léir;
- A bheith freagrach don fhoireann agus plé le gach duine ar leith; agus
- Meas a bheith againn ar a chéile agus ar éagsúlacht a chéile.

De thoradh ár gcuid luachanna, táimid dírithe ar fhreagracht chorparáideach a fhí isteach i ngach gné dár gcuid oibre a bhaineann lenár bhfostaithe, ár gcustaiméirí, lucht íoctha ceadúnas, páirtithe leasmhara eile agus an pobal i gcoitinne. Foilseoidimid doiciméad faoi leith maidir le Freagracht Chorparáideach le linn 2006.

Is iad na suíomhanna atá coimisiúnaithe agus réidh:

|                      |                        |
|----------------------|------------------------|
| Garrán an Ghabhláin, | Tigh na hÉille,        |
| Co. Chill Mhantáin   | Co. Chill Mhantáin     |
| Creamhchoill,        | Achadh Bheannach,      |
| Co. Chill Mhantáin   | Co. Chill Mhantáin     |
| Bun Clóidí,          | Bíofán,                |
| Co. Loch Garman      | Co. Dhún na nGall      |
| Cill Charthaigh,     | Rinn Uí Choigligh,     |
| Co. Dhún na nGall    | Co. Dhún na nGall      |
| Briosca,             | Bun Dorcha/Beann Gorm, |
| Co. Mhaigh Eo        | Co. Mhaigh Eo          |

Is iad an dá shuíomh neamhchoimisiúnaithe ná Fionnach Mhara, Co. an Chláir agus Gleann Molúra, Cill Mhantáin.

### FREAGRACHT CHORPARÁIDEACH

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann agus, dá bharr sin, tá sé lántiomanta do bheith ag gníomhú go heiticiúil, go hionraic agus go freagrach i leith na ngrúpaí go léir a mbíonn teagmháil aige leo.

De thoradh ár gcuid luachanna, tá RTÉ tiomanta, inter alia, do na rudaí seo a leanas:

- Gníomhú de réir leas an phobail, ag soláthar nuachta agus cúrsaí reatha atá cothrom, neamhchlaonta, beacht agus dúshlánach;

### DAOINE

Obair chruthaitheach, chasta is ea an chraoltóireacht. Timpeallacht thar a bheith iomaíoch, bhríomhar is ea timpeallacht na Craoltóireachta Seirbhíse Poiblí agus teastaíonn díograis agus scileanna an-chuid daoine ón iliomad réimse. Caithfear athmhéasúnú a dhéanamh de shíor ar na scileanna sin, iad a leasú agus a fhorbairt, go háirithe inniu agus muid ag aistriú i dtreo timpeallachta atá iomlán digiteach. Le linn do RTÉ a bheith ag réiteach a Straitéis Cúig Bliana is maith is eol dúinn gurb iad tallann chruthaitheach agus díograis na foirne an acmhainn is mó atá againn. Is iad na ndúthracht agus a bhfuinneamh a shlánóidh an Chraoltóireacht Seirbhíse Poiblí in Éirinn, buanna a chruthaigh siad arís eile sa bhliain 2005.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil le Patrick J. Wright as gach comhairle, tacaíocht agus misneach a thug sé dom ó ceapadh mar Phríomh-Stiúrthóir mé go dtí gur tháinig deireadh lena sheal mar Chathaoirleach ar Údarás RTÉ i mí na Bealtaine 2005. Molaim Fintan Drury, a bhí ina Chathaoirleach ar Údarás RTÉ ó Mheitheamh 2005 go dtí tús Eanáir 2006, agus tugaim buíochas as a dhíograis, a fhuinneamh agus a thacaíocht.

**Cathal Goan**

# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

## Torthaí

Bhí feidhmiú airgeadais RTÉ sa bhliain 2005 níos fearr ná mar a bhí le roinnt mhaith blianta, agus gnóthaíodh farasbarr glan, roimh FRS 17, de luach €9.3m. B'in €2.5m níos mó ná a gnóthaíodh sa bhliain 2004.

Sa bhliain 2005, den chéad uair riamh, bhí ceangal sainordaitheach ar RTÉ *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 - Sochair Scoir* (FRS 17) a chur i bhfeidhm go hiomlán agus léiríonn na ráitis airgeadais seo tionchar an cheangail sin. Ghnóthaigh RTÉ farasbarr glan, tar éis FRS 17, de luach €16.5m sa bhliain 2005 i gcomparáid le farasbarr glan tar éis FRS 17 de luach €18.7m i 2004. Go dtí sin dhéantaí sochair phinsin a áireamh de réir *Ráiteas Ghnáthchleachtais Chuntasaíochta 24 – Costais Phinsin a Áireamh*.

De réir na modheolaíochta ar glacadh léi agus a shainordaithe le FRS 17, déantar na heintitis a urraíonn scéimeanna pinsin sochar sainithe le fiachais shubstaintiúla fhadéarmacha a nochtadh do luaineacht shuntasach i dtuillimh chorparáideacha tuairiscithe, a léiríonn, thar aon rud eile, gluaiseachtaí reatha gearrthéarmacha i margáí bannaí fadtéarmacha. I gcás na n-eagraíochtaí sin ina bhfuil sócmhainní agus tuillimh na scéime pinsin cuid mhaith níos mó ná sócmhainní glana agus farasbarr glan an fhostaitheora urraíochta, rud atá amhlaidh i gcás RTÉ agus Scéim Aoisliúntais RTÉ, géaraítear ar an luaineacht sin agus d'fhéadfadh sí, dar linn, léargas míchruinn a thabhairt ar bhun-fheidhmiú oibriúcháin agus airgeadais na bliana. Dá bharr sin, is roimh FRS17 a athbhreithnítear toradh na bliana sa tráchtairacht seo, cé go dtugtar lánfhaisnéis laistigh den tuarascáil bhliantúil seo ar an ioncam tar éis FRS 17.

D'eascair an farasbarr breise ón méadú ar ioncam fógraíochta teilifíse agus raidió. De réir mar a tháinig an méadú ar ioncam fógraíochta chun solais le linn na bliana, bhí sé d'acmhainn ag RTÉ leibhéal agus raon na gclár de dhéantús Éireannach a mhéadú, de réir ár n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus ár straitéise corparáidí.

Ba mar seo a leanas cion gach gnó ar leith laistigh de RTÉ:

|                                | 2005  | 2004   |
|--------------------------------|-------|--------|
|                                | €m    | €m     |
| Teilifís                       | 7.4   | 8.4    |
| Raidió                         | 2.3   | 2.2    |
| Nuacht & Cúrsaí Reatha         | (2.3) | (2.2)  |
| Grúpaí Oirfide                 | -     | -      |
| Líonra                         | 5.9   | (0.5)  |
| Foilsitheoireacht              | 0.6   | 1.1    |
| Ceannáras Corparáideach        | (5.1) | (4.6)  |
| Meath foirgneamh               | -     | (10.8) |
| Suíomh barrachais a dhiúscairt | -     | 13.3   |
| Coigeartuithe comhdhlúthacháin | 0.5   | (0.1)  |
| Iomlán don Ghrúpa              | 9.3   | 6.8    |

## TG4

De réir an bheartais chuntasaíochta ar glacadh leis in am a bhunaithe ar son Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta (STnAG), an fho-chuideachta de chuid RTÉ a reachtálann TG4, déantar ioncaim fhógraíochta STnAG a fhritháireamh i gcoinne a chostas oibriúcháin.

Ba é an toradh a bhí air sna blianta atá thart nach mbíodh aon tionchar ag STnAG ar ráiteas ioncaim agus caiteachais an Ghrúpa, mar d'fheidhmíodh STnAG ar bhonn meá ar mheá.

Easnamh €0.8 a bhí ag STnAG i 2005, tar éis fáiltas eisceachtúla árachais de luach €1.1m, de thoradh, thar aon rud eile, ar chaiteachas méadaithe ar chlár agus méadú ar tháillí tarchurtha RTÉNL. Dá bharr sin, foilsítear toradh STnAG i 2005 ar aghaidh ráiteas ioncaim agus caiteachais an Ghrúpa den chéad uair riamh.

## Ioncam tráchtála

Ba iad na príomhthosca leis an bhfás ar ioncam reatha tráchtála ná:

|                              | €m     |
|------------------------------|--------|
| Fógraíocht teilifíse         | + 17.7 |
| Fógraíocht raidió            | +3.2   |
| Tosca eile                   | +2.2   |
| Méadú ó bhliain go bliain    | 23.1   |
| Ioncam reatha tráchtála 2004 | 176.7  |
| Ioncam reatha tráchtála 2005 | 199.8  |

Measadh an méadú ar fhógraíocht teilifíse a bheith láidir i gcomhthéacs líon na gcainéal nua atá san iomaíocht ar son sciar den bhuiséad fógraíochta in Éirinn.

**Ioncam reatha ón gceadúnas teilifíse**

Bailíonn An Post airgead ó cheadúnais teilifíse ón bpobal, ag feidhmiú ar son an Aire Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha. Déanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh gach airgead ó cheadúnais teilifíse 'saor in aisce' a íoc díreach leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha (DCMNR). Íocann DCMNR deontais i gcabhair neamh-inaisíochta de shuimeanna oiriúnacha le RTÉ.

Ba iad na heochairthosca ba chúis le fás an ioncaim ón gceadúnas teilifíse ná:

|                                                | €m    |
|------------------------------------------------|-------|
| Méadú ar an Táille Cheadúnais ó                |       |
| €152 go €155 ó 1 Aibreán 2005                  | 2.3   |
| Méadú ar an líon daoine a cheannaíonn ceadúnas | 3.2   |
| Méadú ar tháillí bailiúcháin agus ar           |       |
| tháillí ilchineálacha eile                     | (1.6) |
| Méadú ó bhliain go bliain                      | 3.9   |
| Ioncam ón gceadúnas 2004                       | 166.2 |
| Ioncam ón gceadúnas 2005                       | 170.1 |

Fadhb leanúnach, áfach, an líon daoine nach n-íocann an ceadúnas. Measann RTÉ nach bhfuil ceadúnas bailí teilifíse ag timpeall 16% de na teaghlaigh ar chóir a leithéid a bheith acu. Tá an chuma air go bhfuil an fhadhb ag dul in olcas le blianta beaga anuas in ainneoin leibhéil na gceadúnas nua a ceannaíodh de thoradh ar ghlanmhéadú ar líon na dteaghlach nua. Tuigtear dúinn go bhfuil os cionn dhá oiread daoine gan cheadúnas teilifíse in Éirinn seachas mar atá sa Ríocht Aontaithe.

**Costais oibriúcháin**

Ba iad na príomhthosca leis an bhfás ar chostais oibriúcháin roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh ná:

|                                     | €m     |
|-------------------------------------|--------|
| Cláir choimisiúnaithe               | + 21.2 |
| Méaduithe tuarastail PPF            | + 5.3  |
| Méadú ar líon na bhfostaithe        | + 6.4  |
| Laghdú ar tháillí cothabhála líonra | (4.2)  |
| Costais eile                        | + 2.3  |
|                                     | 31.0   |
| Costais oibriúcháin 2004            | 315.3  |
| Costais oibriúcháin 2005            | 346.3  |

Socraíodh le linn na bliana go méadófaí go lánroghnach ar líon na gclár coimisiúnaithe de thoradh ar an méadú san ioncam fógraíochta. Caitheadh formhór an airgid bhreise le cláir bhreise drámaíochta, siamsaíochta, ceoil, stíl mhaireachtála agus faisnéise.

Laghaíodh ar na táillí cothabhála líonra toisc gur thug an IBD Líonra faoi chlár suntasach cothabhála breise i 2004, a chlúdaigh na príomhshuíomhanna tarchurtha go léir.

**Líon na bhfostaithe**

Ar 31 Nollaig 2005, gan Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta a bheith san áireamh, bhí 2,287 (2004: 2,169) fostaí ann, agus bhí 450 (2004: 407) díobh ina bhfostaithe páirtaimseartha/ócáideacha.

**Cánachas**

Bhí ioncam ón Táille Cheadúnais díolmhaithe ó cháin chorparáide go dtí 31 Nollaig 2005. Tuigtear dúinn gur féidir go bhfuil sé ar intinn na gCoimisinéirí Ioncaim cáin chorparáide a ghearradh ar ioncam ón Táille Cheadúnais ó 1 Eanáir 2006.

**Sreabhadh airgid**

D'éirigh le RTÉ sreabhadh airgid suntasach deimhneach a chinntiú arís i 2004, mar a phléitear in alt ar leith thíos.

**Leithdháileadh agus úsáid na Táille Cheadúnais**

Gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí is ea formhór ghníomhaíochtaí RTÉ, ach bíonn an costas a bhaineann le iad a sholáthar cuid mhór níos airde ná an maoiniú poiblí a fhaightear mar ioncam reatha ón Táille Cheadúnais. Dá réir sin, bíonn raon de ghníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha ar siúl ag RTÉ, a ghnóthaíonn ioncaim reatha thráchtála chun tacú leis na gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí.

Mar fhorbairt ar an gcur chuige a fógraíodh den chéad uair i 2003, míníonn anailís theascánach (Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais) modheolaíocht RTÉ i dtaca le leithdháileadh an ioncaim reatha ón Táille Cheadúnais sa chaoi is gur féidir le RTÉ tuairisc a thabhairt ar conas a chaitear an t-ioncam reatha ón Táille Cheadúnais teilifíse. Agus sin á dhéanamh, tá sé tábhachtach a thabhairt chun aire gur le maoiniú poiblí amháin a dhéantar cuid de ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ, cuid eile acu leithdháiltear maoiniú poiblí teoranta orthu agus cuid eile fós ní leithdháiltear maoiniú poiblí ar bith orthu. Mar an gcéanna, ní úsáidtear aon chuid den mhaoiniú poiblí ar son gníomhaíochtaí neamh-sheirbhíse poiblí a dhéanann RTÉ.

# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS AR LEAN


Léiríonn an chairt thíos conas a leithdháileadh na hioncain reatha ón gceadúnas a fuair RTÉ le linn 2005 ar na gníomhaíochtaí éagsúla seirbhíse poiblí a cuireadh i gcrích. Léiríonn an tábla thíos go leithleach na suimeanna airgid a bailíodh i dtaca le gach ceadúnas ar leith a dhíol An Post ar son DCMNR nó a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) agus conas a úsáideadh na suimeanna sin le linn 2005, mar ní fhaigheann RTÉ iomlán na dtáillí ceadúnais a bhailítear.

Úsáid na dtáillí ceadúnais ar leith a bailíodh

|                                                                   | 2005   | 2004   |
|-------------------------------------------------------------------|--------|--------|
|                                                                   | €      | €      |
| RTÉ One                                                           | 63.07  | 61.44  |
| RTÉ Two                                                           | 31.19  | 32.28  |
| RTÉ Radio 1                                                       | 9.87   | 10.28  |
| RTÉ RnaG                                                          | 8.78   | 8.57   |
| RTÉ lyric fm                                                      | 5.01   | 5.18   |
| Grúpaí Oifide RTÉ                                                 | 10.56  | 10.36  |
| Tacaíocht do TG4                                                  | 7.58   | 7.03   |
| Sciar iomlán RTÉ                                                  | 136.06 | 135.14 |
| An Ciste Craoltóireachta                                          | 7.25   | 7.12   |
| Costais bhailiúcháin:                                             |        |        |
| An Post/ DCMNR/ DSFA                                              | 10.83  | 9.74   |
| Meánchostas gach ceadúnais chraoltóireachta ar leith <sup>1</sup> | 154.14 | 152.00 |

1: Méadaíodh ar an Táille Cheadúnais ó €152 go €155 le héifeacht ó 1 Aibreán 2005

## Leithdháileadh Ioncain Reatha ón gCeadúnas a fuair RTÉ i 2005



### Pinsin

Feidhmíonn RTÉ scéim sochar sonraithe ranníocach agus roinnt scéimeanna ranníoca sonraithe ar son a chuid fostaithe.

#### Scéim sochar sonraithe ranníocach

Faoi mar a bhí ar 31 Nollaig 2005, bhí 603 fostaí ag RTÉ a bhí ina mbaill de Scéim Aoisliúntais RTÉ. Anuas air sin,

déanann RTÉ ranníocaíochtaí ar son 155 iarfhostaithe mar pháirt dá bpacáiste iomarcaíochta.

Scéim sochar sonraithe is ea Scéim Aoisliúntais RTÉ agus bhí cistí de luach €940m á mbainistiú ar 31 Nollaig 2005, de réir a luacha mhargaidh. Níor glacadh aon fhostaí nua isteach sa scéim seo ó 2 Iúil 1989.

Ar iarratas na n-iontaobhaithe, rinne na hachtúirí luacháil achtúireach ar mhaoiniú fadtéarmach faoi mar a bhí ar 1 Eanáir 2006 agus thuairiscigh siad farasbarr €36.8m ar 1 Eanáir 2006 (1 Eanáir 2005: €31.1m) ag úsáid mhodh na haoise sroichte chun dliteanais seirbhíse amach anseo a ríomh agus ag úsáid bhearna infheistíochta 2% mar bhonn tuisceana airgeadais lárnach.

D'ullmhaigh achtúirí na scéime eolas ar leith de réir na modheolaíochta difriúla atá sainordaithe faoi FRS 17, agus thuairiscigh, ar an mbonn sin, farasbarr €3.3m faoi mar a bhí ar 31 Nollaig 2005 (31 Nollaig 2004: €3.2m).

Caithfidh FRS 17 a lánfheidhmiú den chéad uair inár dtorthaí don bhliain airgeadais atá faoi athbhreithniú. Dá bharr sin, agus de réir fhorálacha FRS 17, déantar an farasbarr €3.3m a thaifeadh ar an gclár comhardaithe den chéad uair i mbliana.

D'fhéadfadh an modh cuntasáíochta a shainordaithe i FRS 17 RTÉ a nochtadh do luaineacht shuntasach i dtaca le torthaí a thuairisciú amach anseo, de thoradh ar an gcaoi a bhféachann FRS 17 chun gluaiseachtaí gearrthéarmacha ina fheidhmiú reatha ar an margadh cothromas a léiriú agus de thoradh ar an modh a úsáideann FRS 17 chun dliteanais amach anseo a fhritháireamh.

#### Scéimeanna ranníoca sonraithe

Tá gach fostaí de chuid RTÉ nach bhfuil ina bhall de Scéim Aoisliúntais RTÉ i dteideal ballraíochta sa scéim ranníoca sonraithe nó socruithe pinsin den chineál ÁSPC.

Tá 1,189 Fostaí ina mbaill de Scéim Phinsean Ranníoca Sonraithe RTÉ.

#### Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS)

San am i láthair déanann RTÉ a ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCleachtas Cuntasáíochta a nGlactar Leo go Coitianta i bPoblacht na hÉireann (GAAP na hÉireann). Cé nach bhfuil aon iallach air fós, ach ar son an dea-rialachais chorparáidigh, tá RTÉ tiomanta do na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta a úsáid le héifeacht ón mbliain airgeadais dar tús 1 Eanáir 2007.

Tá roinnt mhaith dul chun cinn déanta go dtí seo chun na príomhathruithe do RTÉ a aithint a eascróidh as an aistriú ó GAAP na hÉireann go IFRS, agus na hathruithe córais a theastóidh a fhorbairt. Dar linn gurb iad na príomhathruithe a mbeidh tionchar praiticiúil acu:

- fardal de chostais clár atá tabhaithe fós, i gcás nár craoladh an clár fós; agus
- ionstraimí airgeadais a aithint agus a thomhas ar a luach cóir agus an fhálchuntasaíocht a úsáid ar son idirbheart díorthach.

Áireofar, i ráitis airgeadais 2007, tionchar an athshonraithe IFRS ar ráitis airgeadais an Ghrúpa i 2006.

#### **Bainistíocht riosca airgeadais**

Tá beartais faofa ag Údarás RTÉ i dtaca leis na príomhréimsí riosca airgeadais a d'fhéadfadh baint den Ghrúpa.

Is é aonad Cistíochta an Ghrúpa atá freagrach as gach gníomhaíocht cistíochta, de réir bheartais chistíochta, lena n-áirítear bainistíocht airgid, idirbhearta in airgeadraí eachtracha agus riosca creidmheasa a bhaineann le páirtithe conartha.

#### *Bainistíocht Malairte Eachtraí*

Is in Éirinn a dhéantar formhór ghnó RTÉ. Dá bharr sin, is in euro, den chuid is mó, a áirítear sreabhaidh airgid oibriúcháin agus infheistíochta. Bíonn nochtadh d'airgeadraí eachtracha ann de thoradh, thar aon rud eile, fócaíochtaí ar son clár ceannaithe agus chearta spóirt.

Is é beartas RTÉ formhór a phríomh-nochtaí sainithe airgeadra eachtraigh a bheith fálaithe ag tús gach bliana airgeadais.

#### *Leachtacht agus bainistíocht airgid*

Den chuid is mó, déantar airgead barrachais a infheistiú i gcuntais taisce téarma, i roinnt institiúidí éagsúla.

Bhí cistí leachtacha de luach €67.8m á gcoimeád ar 31 Nollaig 2005 i gcomparáid le luach €27.0m de dhliteanais faoi na scéimeanna athstruchtúraithe éagsúla. Socrófar an chuid is mó de na costais athstruchtúraithe sin thar na cúig bliana atá le teacht.

I bhfianaise leibhéil na n-iarmhéideanna airgid atá i seilbh, níor measadh é a bheith riachtanach saoráidí sainithe iasachta bainc a choinneáil. Sin ráite, tá saoráid bheag rótharraingte le fáil ag an nGhrúpa.

#### *Riosca creidmheasa*

Ó tharla iarmhéideanna suntasacha airgid a bheith á gcoimeád agus á n-infheistiú aige ar bhonn gearrthéarmach, nochtar RTÉ do riosca creidmheasa ar shuimeanna dlite ó institiúidí ina bhfuil a chuid taiscí bainc agus lena ndéanann sé infheistíochtaí airgid agus gnó díorthach. Is é beartas RTÉ a nochtadh do gach institiúid airgeadais a shrianadh, de réir a rátála creidmheasa go príomha.

I bhfianaise chineál na fógraíochta agus na margaí eile ina bhfeidhmíonn RTÉ, nochtadh RTÉ go suntasach do ghníomhaireachtaí fógraíochtaí ar leith agus do chustaiméirí eile ar feadh na bliana. Is é beartas RTÉ teorainneacha a chur leis an nochtadh comhlán do gach custaiméir ar leith. Déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar na nochtaí agus na teorainneacha gaolmhara.

#### **Árachas**

Coimeádtar clúdach árchais in aghaidh rioscaí inárachais atá suntasach, cuí, lena n-áirítear mórthubaiste, faoi réir asbhaintí agus eisiaimh chuí.

#### **Caingne Dlí**

Tá RTÉ agus a fhochuideachtaí ina bpáirtí i gcaingne dlí éagsúla, agus tá éilimh curtha i leith RTÉ nó a fhochuideachtaí i gcuid acu sin. Níltear cinnte, ag an bpointe seo, cén toradh a bheidh orthu seo. Tá RTÉ den tuairim, de réir na comhairle atá faighte aige, go bhfuil bearta cuí déanta chun deimhin a dhéanamh de nach mbeidh tionchar ábhartha fadtéarmach ag torthaí na gcaingne seo, le chéile, ar staid airgeadais nó ar leachtacht RTÉ.

#### **Súil ar aghaidh**

Bhí an feidhmiú airgeadais go dtí tús 2006 go maith, agus tá an t-ioncam tráchtála ar aon dul le leibhéil na bliana seo caite.

I measc na mórthosaíochtaí airgeadais do RTÉ i 2006 tá:

- leanúint de na tionscnaimh rialúcháin costais agus luach airgid;
- na plananna maoinithe ar son Theilifís Dhigiteach Trastíre a chur ar aghaidh; agus
- moltaí maoinithe a fhorbairt i dtaca le saoráidí agus próisis léiriúcháin a aistriú thar meántréimhse go dtí timpeallacht dhigiteach ghréasánbhunaithe.

# AN tÚDARÁS

Tháinig deireadh le seal oifige an 14ú Údarás ar 31 Bealtaine 2005. Tá liosta de na comhaltaí ar leathanach 33. Ag seo thíos tá comhaltaí an 15ú Údarás, a ceapadh le linn 2005.



Mary Finan - Cathaoirleach

Ceapadh Mary ar an Údarás le héifeacht ó 21 Feabhra 2006. Bhí sí ina comhpháirtí bunaithe agus ina príomhfheidhmeannach ar Wilson Hartnell Public Relations agus tá sí anois ina Cathaoirleach neamhfheidhmeach leo. Faoi láthair, tá sí ina Cathaoirleach neamhfheidhmeach ar an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, agus ar Amharclann an Gheata, tá sí ina

stiúrthóir neamhfheidhmeach ar Canada Life (Ireland), ar Chumann Foirgníochta ICS agus ar Opera Ireland. Chomh maith leis sin, tá sí ina ball de Chomhairle Údarás Forbartha Cheantar na nDuganna (DDDA) agus bhí sí ar an gcéad uachtarán mná a bhí riamh ar Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath. Tá B.A. aici ó UCD agus rinne sí clár sa bhainistíocht margaiochta sa Havard Business School. (Aois 61)



Emer Finnán

Ceapadh Emer ar an Údarás le héifeacht ó 14 Meán Fómhair 2005. Tá sí ina Stiúrthóir Forbartha Straitéisí agus ina Rúnaí ar Chumann Foirgníochta EBS, ról atá aici ó Iúil 2005. Roimhe sin bhí sí ag obair sa réimse airgeadais chorparáidigh, le NCB i mBaile Átha Cliath agus le ABN Amro agus Solomon Brothers i Londain.

Tá Emer ina comhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá B.Comm. aici. (Aois 37)



Maria Killian

Ceapadh Maria ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Faoi láthair, tá sí ina Bainisteoir Comhairleach Acmhainní Daonna le cuideachta bainistíochta saoráidí idirnáisiúnta. Bíonn sí ag plé le bainistíocht acmhainní daonna agus d'oibrigh sí thar raon tionscal lena n-áirítear táirgeadh deochanna, seirbhísí airgeadais agus teileachumarsáid. Tá gnó

rathúil miondíola aici a bhfuil sí féin ina bainisteoir air.

Céimí de chuid UCD is ea í, áit ar ghnóthaigh sí B.A. agus M.A. sa tSíceolaíocht Eagrúcháin. (Aois 35)



Patricia King

Ceapadh Patricia ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Tá sí ina Rúnaí ar Réigiún Bhaile Átha Cliath de SIPTU. Comhalta de chuid Fheidhmeannas Chomhdháil na gCeardchumann atá inti.

Chaith Patricia dhá sheal ina comhalta de chuid Údarás Náisiúnta Bóithre na hÉireann. (Aois 50)



Ian Malcolm

Ceapadh Ian ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Is mac-léinn Ph.D é a bhfuil taighde déanta aige ar dhearcadh Protastúnach óg i dTuaisceart Éireann i leith na Gaeilge. Chaith sé seal ina eagarthóir ar an *Antrim Guardian* agus ina fho-eagarthóir leis an *News Letter* i mBéal Feirste. Is iriseoir páirtaimseartha i gcónaí é. Scríobhann sé colún ar an nuachtán laethúil *Lá* agus bíonn sé ag trácht ar

pholaitíocht Thuaisceart Éireann sna meáin leictreonacha Gaeilge.

Tá céim Céad Onórach sa Léann Ceilteach aige ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. (Aois 42)



Paddy Marron

Ceapadh Paddy ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. D'fhónaigh sé ar an Údarás roimhe sin ar tháinig deireadh lena sheal oifige ar 31 Bealtaine 2005. D'oibrigh sé i dtionscal an bhia ar feadh 33 bliain; le Rowntree Mackintosh in Éirinn ar dtús agus mar Phríomhfheidhmeannach ar Nestlé Ireland. Bhí sé ina Chathaoirleach ar

Chónaidhm Bia agus Dí na hÉireann ar feadh roinnt blianta, agus ina chomhalta d'Fheidhmeannas Náisiúnta IBEC. Tá sé ina mheantóir ar Chlár Meantóireachta Fiontraíocht Éireann.

Is cuntasóir cairte é agus tá B.A. sa tSeandálaíocht agus Stair na nEalaíon aige ó UCD. (Aois 68)



Úna Ní Chonaire

Ceapadh Úna ar Údarás RTÉ le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Oibríonn sí le A-Truss i Ráth Cairn, Co na Mí. Cainteoir líofa Gaeilge atá inti agus tá sí ina tuairisceoir páirtaimseartha le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Nuair nach mbíonn sí ag plé leis an obair sin, bíonn sí ag cabhrú le páistí snas a chur ar a gcuid Gaeilge nó ag imirt camógaíochta, peil ghaelach agus rugbaí. (Aois 21)



Joe O'Brien

Ceapadh Joe ar Údarás RTÉ le héifeacht ó 14 Meán Fómhair 2005. Is Comhfhreagraí Nuachta le RTÉ é, agus is iad a réimsí speisialtóireachta Talmhaíocht, Bia agus Cosaint. Chaith sé seal ina Chomhfhreagraí Tionsclaíochta. Anuas air sin, tá taithí leathan aige ar thuairisceoireacht a dhéanamh ar ghnóthaí agus ar pholaitíocht na hEorpa agus an Tríú Domhan. Déanann an Rialtas

iarrthóir amháin a cheapadh ar an Údarás tar éis d'fhoireann RTÉ an t-iarrthóir sin a roghnú i dtoghchán inmheánach. Ba é Joe rogha na foirne an t-am seo. Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, rinne sé staidéar ar an Iriseoireacht i gColáiste Tráchtála Ráth Maonais, Baile Átha Cliath agus d'oibrigh sé le nuachtáin san Uaimh agus ina chontae dúchais féin, Ceatharlach. (Aois 50)



Stephen O'Byrnes

Ceapadh Stephen ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Chaith sé seal ar an Údarás deireanach, ar tháinig deireadh lena sheal oifige 31 Bealtaine 2005. Is comhairleoir Caidrimh Phoiblí/Gnóthaí Poiblí é Stephen, atá ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin le Media Relations & Public Affairs Consultants Ltd. Le linn na tréimhse 1986 go 1995, bhí sé ina Stiúrthóir Beartais

agus Caidrimh Phreasa leis an bPáirtí Daonlathach agus ina Leas-Phreasrúnaí Rialtais ó 1989 go 1992. Chaith sé 15 bliain ina iriseoir roimhe sin, leis an *Irish Independent* agus leis an nGrúpa Irish Press. Bhí poist éagsúla eagarthóireachta agus comhfhreagrais aige lena linn sin.

Tá B.A. i Nua-Stair na hÉireann aige ó UCD. (Aois 56)

#### Coistí an Údaráis

##### An Coiste um

##### Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta

Mary Finan, Cathaoirleach  
Stephen O'Byrnes  
Maria Killian  
Ian Malcolm

##### An Coiste

##### Iniúcháireachta

Paddy Marron, Cathaoirleach  
Emer Finnan  
Patricia King

##### Coiste

##### na gClár

Maria Killian, Cathaoirleach  
Úna Ní Chonaire  
Ian Malcolm

##### An Coiste um

##### Fhorbairt Chorporáideach

Mary Finan, Cathaoirleach  
Joe O'Brien  
Patricia King  
Emer Finnan  
Paddy Marron

## AN BORD FEIDHMEANNAIS



Cathal Goan  
Príomh-Stiúrthóir

Ceapadh Cathal ina Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003.

Bhain sé céim amach ó UCD agus thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979. Bhí poist éagsúla aige i Raidió agus i dTeilifís RTÉ sular ceapadh é ina Eagarthóir ar Chláir Ghaeilge i 1990. Ceapadh é

ina Cheannasaí ar Theilifís na Gaeilge i 1994, agus is faoina chúram a bunaíodh an cainéal sin, an tríú seirbhís teilifíse náisiúnta in Éirinn. I Márta 2000, ceapadh é ina Stiúrthóir (agus ina Bhainisteoir Stiúrtha ina dhiaidh sin) ar Theilifís RTÉ, agus ina chomhalta ar Bhord Feidhmeannais RTÉ.



Noel Curran  
Bainisteoir Stiúrtha Teilifíse

Ceapadh Noel ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Theilifís RTÉ le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003.

Tá céim sa Chumarsáid aige ó DCU. Bhí poist éagsúla aige sna meáin chlóite sular thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1992. D'oibrigh sé mar thuairisceoir, mar léiritheoir agus mar eagarthóir i dTeilifís

RTÉ sular ceapadh ina Eagarthóir Cúrsaí Reatha é sa Rannán Nuachta agus Cúrsaí Reatha.



Conor Hayes  
Príomhoifigeach Airgeadais

Ceapadh Conor ina Phríomhoifigeach Airgeadais le RTÉ i nDeireadh Fómhair 2001 agus is é a mhaoirsíonn RTÉNL (Network), an IBD Foilsitheoireachta, Monatóireacht ar Cheadúnais Teilifíse, TE & teicneolaíocht an Ghrúpa agus Maoin & Seirbhísí. Tá sé ina Chathaoirleach ar lontaobhaithe Scéim Aoisliúntais RTÉ.

Céimí Tráchtála de chuid UCD é, atá ina Chomhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina

Chomhalta Comhlach den Association of Corporate Treasurers sa Ríocht Aontaithe. Bhí raon de phoist éagsúla sa tionsclaíocht tráchtála aige sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, lena n-áirítear: Leas-Chathaoirleach, Cara Treasury; Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Pleroma Group; Príomhfheidhmeannach, JetPhone; Príomhfheidhmeannach, Ryanair; Príomhoifigeach Airgeadais, Almarai Group; agus Bainisteoir, SKC Corporate Finance.



Adrian Moyne  
Bainisteoir Stiúrtha, Raidió

Ceapadh Adrian ina Stiúrthóir (agus níos faide anonn, i 2003, ina Bhainisteoir Stiúrtha) ar Raidió le héifeacht ó Mheán Fómhair 2002. Chomh maith leis sin, maoirsíonn sé feidhmiú na nGrúpaí Oirfide.

Tá céim sa Bhéarla aige ó Ollscoil Oxford. Thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, tar éis a bheith ag múineadh ar feadh cúig bliana ag leibhéal breis agus ardoideachais.

Laistigh de RTÉ bhí poist aige mar Léiritheoir, mar Eagarthóir ar Chláir do Dhaoine Óga agus mar Cheann na Sceideal Teilifíse. Ó 1997 ar aghaidh, bhí sé ina bhall d'Oifig an Phríomh-Stiúrthóra, agus dualgas tuairiscithe air i leith Raidió na Gaeltachta, Grúpaí Oirfide RTÉ, agus Saoráil Faisnéise. Bhí sé ina ionadaí ar son na mbainisteoirí ar an mBinse Caidrimh Thionsclaíoch.



Edward Mulhall  
Bainisteoir Stiúrtha  
Nuacht & Cúrsaí Reatha

Ceapadh Ed ina Stiúrthóir Nuachta (agus níos faide anonn, i 2003, ina Bhainisteoir Stiúrtha) le héifeacht ó 1997.

Tá céim san Eacnamaíocht agus Polaitíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, mar Léiritheoir Raidió Cúrsaí Reatha. Ó shin bhí sé ina Cheannasaí

Cúnta Gnéchlar agus Cúrsaí Reatha (Raidió) agus ina Eagarthóir Clár Nuachta (Teilifís), áit a mbíodh sé ag déanamh eagarthóireachta ar na cláir Six One agus Nine O'Clock News. Ceapadh ina Eagarthóir Stiúrtha é sa Rannán Nuachta i 1994.



Bride Rosney  
Stiúrthóir Cumarsáide

Ceapadh Bride ina Stiúrthóir Cumarsáide le héifeacht ó Nollaig 2001. Maoirsíonn sí Acmhainní Daonna an Ghrúpa freisin.

Céimí Eolaíochta agus Ríomhchleachtais de chuid UCD agus Choláiste a Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thosaigh sí ag obair le RTÉ i ndiaidh di bheith ag obair mar mhuinteoir, mar phríomhoide scoile agus mar chomhairleach cumarsáide i

réimsí na nuatheicneolaíochtaí agus na n-ealaíon. Tar éis 20 bliain a chaitheamh ag plé le hoideachas agus le taighde oideachasúil ag an dara agus ag tríú leibhéal, d'fhónaigh sí mar Chomhairleoir Speisialta do Mary Robinson ar feadh ocht mbliana le linn di siúd a bheith ina hUachtarán ar Éirinn agus ina UNHCHR.

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Ceaptar comhaltaí ar Údarás RTÉ chun a dheimhniú go bhfuil RTÉ freagrach don Rialtas, do lucht íoctha ceadúnais, don lucht féachana agus éisteachta. Ag feidhmiú dóibh sa ról sin, bíonn comhaltaí Údarás RTÉ tiomanta do dhea-chleachtais sa rialachas corparáideach.

Tá glactha ag RTÉ leis an *gCód Cleachtais um Rialáil Comhlachtaí Stáit* a d'fhaomh an Rialtas, 2 Deireadh Fómhair 2001, mar aon leis na oibleagáidí i dtaca le rialachas corparáideach agus eile a leagtar síos san *Acht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995* agus san *Acht um Chaighdeán in Oifig Phoiblí, 2001*.

Corparáid reachtúil is ea RTÉ a bunaíodh leis an *Acht Um Údarás Craolacháin 1960* agus, dá bharr sin, níl forálacha an *Chomhchóid um Rialachas Corparáideach* (leasaithe), faoi mar a ghlac Stocmhalartán na hÉireann agus Stocmhalartán London leis, infheidhme i leith RTÉ:

- Tá RTÉ freagrach don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Níl aon scairchaipiteal ag RTÉ. Dá réir sin, níl na forálacha i dtaca le caidreamh scairshealbhoirí agus iompar na gCruinnithe Ginearálta Bliantúla infheidhme;
- Is é an Rialtas a cheapann an tÚdarás agus a shocraíonn a luach saothair. Dá thoradh sin, níl feidhm leis na forálacha sin de chuid an *Chomhchóid um Rialachas Corparáideach* a bhaineann le comhaltaí Údaráis a cheapadh, lena n-áirítear uainiú na gceapachán, ballraíocht an Údaráis agus luach saothair na gcomhaltaí Údaráis. Mar an gcéanna, ní mheastar gur chúí measúnú feidhmiúcháin a dhéanamh i dtaca leis an Údarás agus na comhaltaí ann; agus
- Bíonn luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra laistigh de raon a shocraíonn an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Sin ráite, tacaíonn RTÉ le prionsabail agus le forálacha an *Chomhchóid um Rialachas Corparáideach* agus, dá bhrí sin, tá bearta cuí déanta aige chun cloí leis na príomhriachtanais, sa mhéid is go mbaineann siad le RTÉ.

## Ráiteas um Chomhlíonadh

Chloígh RTÉ leis na nithe seo a leanas ar feadh na bliana airgeadais atá faoi athbheithniú agus go dáta na tuarascála seo:

- a) sainfhorálacha an *“Framework Code of Best Practice”* de réir mar a leagtar sin amach sa *gCód Cleachtais um Rialáil Comhlachtaí Stáit*; agus

- b) na forálacha sin de chuid *“Principles of Good Governance”* in alt 1 den *Chomhchóid um Rialachas Corparáideach* a bhaineann le RTÉ, ach amháin:
  - Nár cheap RTÉ Comhalta Údaráis Sinsearach Neamhspleách; agus
  - Ní áirítear san eolas faoi luach saothair na gcomhaltaí Údaráis ar leathanach 37 suimeanna a íoctar le comhaltaí Údaráis ina gcáil fostaithe nó rannpháirtithe cláir, ach áirítear ann suimeanna a dhíoltar leo i bhfoirm táillí.

## Údarás RTÉ

De réir théarmaí an *Achta um Údarás Craolacháin, 1960* agus reachtaíochta a ritheadh ó shin, déanann an Rialtas comhaltaí Údarás RTÉ a cheapadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Bíonn idir seachtar agus naonúr comhaltaí ann, agus ceapann an Rialtas duine acu sin ina c(h)athaoirleach. Tá naonúr comhaltaí san Údarás faoi láthair, duine acu a cheapadh de thoradh toghcháin i measc na foirne, agus tiocfaidh deireadh le seal oifige gach comhalta ar 20 Meitheamh 2008.

Baineann comhaltaí an Údaráis le cineálacha éagsúla cúlra. Tá scileanna agus taithí ar leith ag gach duine acu agus úsáideann siad a mbreithiúnas neamhspleách féin agus iad ag plé go deimhnitheach is go ceistitheach leis an bPríomh-Stiúrthóir agus leis an mBord Feidhmeannais d'fhonn cabhrú le forbairt spriocanna straitéiseacha RTÉ. Feidhmíonn siad mar iontaobhaithe ar son an leasa phoiblí, fad is a bhíonn na bainisteoirí feidhmeacha freagrach as gnáthoibríochtaí. Tá sonraí beathaisnéise na gcomhaltaí Údaráis le fáil ar leathanaigh 26 agus 27 agus tá a leithéid d'eolas le fáil i dtaobh an Bhoird Feidhmeannais ar leathanaigh 28 agus 29.

Díreach tar éis a gceaptha, tugtar doiciméid eolais faoi RTÉ agus a chuid oibríochtaí do gach comhalta Údaráis.

Tagann an tÚdarás i gceann a chéile de réir sceideal rialta cruinnithe agus eagraítear cruinnithe ar ócáidí eile, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach. Bíonn gach eolas a theastaíonn ó na comhaltaí le fáil go cuimsitheach tráthúil chun go mbeidh siad in ann a ndualgais a chomhlíonadh. Cuirtear páipéir de chuid an Údaráis chuig na comhaltaí in am tráthúil roimh chruinnithe de chuid an Údaráis agus bíonn páipéir nó eolas breise le fáil go réidh ag gach comhalta Údaráis ach iad a iarraidh. Tá deighilt shoiléir idir ról chathaoirleach an Údaráis, nach feidhmeannach é, agus ról an Phríomh-Stiúrthóra.

Bíonn comhairle agus seirbhísí Rúnaí Ghrúpa RTÉ le fáil ag gach comhalta Údaráis. Tá an Rúnaí freagrach as a dheimhniú go gcloítear le gnáthaimh an Údaráis agus le cibé rialacha agus rialúcháin atá infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ le fáil chun comhairle a chur ar an Údarás, de réir mar a theastaíonn. Is féidir le comhaltaí aonair de chuid an Údaráis comhairle nó traenáil neamhspleách ghairmiúil a fháil ar chostas RTÉ, de réir mar is gá.

Tá beartas i bhfeidhm ag an Údarás a shlánaíonn comhaltaí an Údaráis i gcás go dtabharfaí cás dlí ina leith le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a ndualgas mar chomhaltaí Údaráis.

Bíonn sceideal foirmiúil ábhar ann a dhéanann an tÚdarás a phlé, ach cuirtear roinnt ábhar eile faoi bhráid choistí an Údaráis. Is iad na coistí atá ann ná an Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta, Coiste na gClár, an Coiste Iniúcháireachta agus an Coiste um Fhorbairt Chorpáraídeach. Cuirtear páipéir a bhaineann le gnóthaí an Údaráis go dtí na comhaltaí Údaráis roimh gach cruinniú den Údarás, lena n-áirítear miontuairiscí gach cruinniú coiste a bhí ann ón gcruinniú deireanach den Údarás agus bíonn cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt ar imeachtaí an choiste le linn chruinnithe an Údaráis, más cuí.

Tá cuntas ar bhallraíocht na gcoistí seo ar leathanach 27 agus tá sonraí faoi líon na gcruinnithe coiste agus freastal ar na cruinnithe le fáil ar leathanach 33.

Tá téarmaí tagartha scríofa ag an *gCoiste Iniúcháireachta* agus bíonn cruinnithe aige ceithre huair in aghaidh na bliana, ar a laghad. Triúr comhaltaí de chuid an Údaráis atá sa choiste, a meastar gach duine acu a bheith neamhspleách. Leagtar dualgais an Choiste Iniúcháireachta amach i dTuarascáil an Choiste Iniúcháireachta ar leathanaigh 35 agus 36.

Ceathrar comhaltaí de chuid an Údaráis, a meastar gach duine acu a bheith neamhspleách, atá sa *Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta*. Ainmníonn an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ionadaí chun cabhrú leo, de réir mar is cuí. Leagtar dualgais an Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta amach sa Tuarascáil faoi Luach Saothair ar leathanaigh 37 agus 38.

Triúr comhaltaí de chuid an Údaráis, a meastar gach duine acu a bheith neamhspleách, atá i *gCoiste na gClár*. Déanann an coiste plé ar fhorbairtí agus ar phleananna lárnacha i dtaca le Cláir agus Sceidil Teilifíse agus Raidió. Ag gach cruinniú a bhí acu, chas an Coiste le Bainisteoirí Stiúrtha Raidió, Teilifíse agus Nuachta agus lena gcomhghleacaithe

sinsearach baintíochta, agus d'athbhreithnigh aschur cláir agus straitéis agus pleananna don am a bhí le teacht. Tá Cathaoirleach Choiste na gClár ina hionadaí ar son an Údaráis ar Chomhairle an Lucht Féachana/Éisteachta agus choimeád sí an Coiste ar an eolas faoi chinntí na Comhairle sin.

Cúigear comhalta de chuid an Údaráis atá sa *Choiste um Fhorbairt Chorpáraídeach*, ceathrar acu a mheastar a bheith neamhspleách agus duine acu ar fostaí é. Ceapadh an coiste seo le linn na ceathrú deiridh de 2005 chun díriú ar phlean corparáideach a ullmhú a dhéanfaidh an tÚdarás a mheas agus a nglacfaidh siad leis.

### Luach saothair chomhaltaí Údarás RTÉ

Tá tuarascáil an Údaráis i dtaobh luach saothair na gcomhaltaí Údaráis le fáil ar leathanaigh 37 agus 38.

### Neamhspleáchas na gComhaltaí Údaráis

Cuireann gach comhalta Údaráis a bhreithiúnas neamhspleách féin i bhfeidhm ar imeachtaí an Údaráis. Bíonn ceisteanna agus éilimh ar leith ag gach duine acu. Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar neamhspleáchas na gcomhaltaí, de réir threoirilínte an *Combined Code*. Le meas ar ionracas, charachtar agus oibiachtúlacht na gcomhaltaí Údaráis, measadh gach comhalta Údaráis a bheith neamhspleách de réir na gcrítéar ach amháin Anne Doyle, a bhí ina comhalta de chuid an 14ú hÚdarás, agus Joe O'Brien, atá ina comhalta den 15ú Údarás agus ar fostaithe de chuid RTÉ iad beirt. Ar an ábhar sin amháin, ní chomhlíonann na comhaltaí Údaráis seo critéir neamhspleáchais an *Combined Code*.

D'éirigh Fintan Drury as an Údarás le héifeacht ó 19 Eanáir 2006 mar gheall ar choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh eascairt as cearta teilifíse ar son an Ryder Cup.

### Caidreamh leis an Rialtas agus sealbhóirí ceadúnais

Bunaíodh an caidreamh idir RTÉ agus an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (an Roinn Poist agus Telegrafa mar a bhí an t-am sin) ar bhonn foirmiúil i 1960. Casann Cathaoirleach an Údaráis agus na feidhmeannaigh bhainistíochta leis an Rialtas go rialta chun feidhmiú oibriúcháin agus airgeadais a phlé.

Foilsíonn RTÉ *Ráiteas Gealltanais* gach bliain, is é sin sraith de gheallúintí don lucht féachana agus éisteachta mar gheall ar aschur RTÉ sa bhliain dár gcionn. Déanann comhairleoirí seachtracha, arna cheapadh ag an Rialtas, measúnú bliantúil ar conas a d'éirigh le RTÉ na gealltanais sin a chomhlíonadh, mar pháirt de phróiseas athbhreithnithe na Táille Ceadúnais.

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH AR LEAN

## Rialú Inmheánach

Tá freagracht iomlán ar an tÚdarás as córais rialúcháin inmheánacha an Ghrúpa, agus as éifeachtúlacht na gcóras sin a athbhreithniú. Dearadh na córais seo mar rátháíocht réasúnta, murab ionann agus iomlán, i gcoinne míráitis nó caillteanais.

Deimhníonn an tÚdarás go raibh próiseas leanúnach ag feidhmiú ar feadh na bliana d'fhonn rioscaí suntasacha do RTÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú, suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais. Tá an próiseas sin i gcomhréir leis an Turnbull Guidance (*Internal Control: Guidance for Directors on the Combined Code*), a eisíodh i Meán Fómhair 1999.

Is iad na comhpháirteanna lárnacha den chóras rialúcháin inmheánaigh atá ann faoi láthair ná:

- Stuchtúr eagraíochta dea-shainithe, le teorainneacha údaráis atá sainithe go foirmiúil agus meicníochtaí tuairiscithe go dtí ardleibhéal bhainistíochta agus an tÚdarás;
- Gnáthaimh sheanbhunaithe chun rioscaí lárnacha a aithint, a rialú agus a thuairisciú;
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe, le buiséid airgeadais bhliantúla a fhaomhann an tÚdarás;
- Tuairisciú tráthúil míosúil, ina ndéantar torthaí iarbhrí a thuairisciú i bhfianaise an bhuiséid, a mheasann an tÚdarás ar bhonn míosúil; agus
- Polasaithe agus gnáthaimh chuimsitheacha a bhaineann le rialú oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear caiteachas caipitiúil. Teastaíonn cead an Údaráis le haghaidh mórhionscadail chaipitiúla.

Déanann lucht na hiniúcháireachta inmheánaí na rialúcháin seo a athbhreithniú go córasach, le cur chuige riosc-bhunaithe. Tuairiscíonn Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí don Phríomh-Stiúrthóir agus don Choiste Iniúcháireachta agus bíonn faill dhíreach aige ar chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta.

Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil athbhreithniú déanta, tríd an gCoiste Iniúcháireachta, ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin inmheánaigh go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Bhí na gnéithe seo a leanas sa phróiseas ar ghlac an tÚdarás leis chun éifeachtúlacht an chórais rialúcháin inmheánach a athbhreithniú:

- Measúnú a dhéanamh ar údarás, acmhainní agus comhordú na ndaoine a bhíonn ag plé le rioscaí suntasacha do RTÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú;
- Athbhreithniú agus measúnú ar thorthaí an phróisis mheasúnaithe agus bainistíochta riosca;
- Monatóireacht ar thuairiscí riosca a chuireann bainisteoirí ar fáil;
- Athbhreithniú ar an gclár iniúcháireachta inmheánaí agus measúnú ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe sin; agus
- Athbhreithniú ar thuarascáil na n-iniúcháirí seachtracha a d'fhéadfadh, mar pháirt dá ngnáthaimh, gnéithe de na córais rialaithe inmheánaigh a thástáil agus aon laigí suntasacha a bheadh ann a thuairisciú don Choiste Iniúcháireachta.

## Gnó leantach

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Údaráis go bhfuil dóthain acmhainní ag RTÉ, san iomlán, chun leanúint i mbun oibre sa léirthodhchaí. Ar an ábhar sin, tá siad ag cloí le bonn an ghnó leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais.

**Freastal ar chruinnithe Údaráis agus ar chruinnithe choistí an Údaráis don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005**

|                                                         | Údarás |   | Luach saothair agus forbairt bainistíochta |   | Cláir |   | Iniúcháireacht |   | Forbairt chorparáideach |   |
|---------------------------------------------------------|--------|---|--------------------------------------------|---|-------|---|----------------|---|-------------------------|---|
|                                                         | A      | B | A                                          | B | A     | B | A              | B | A                       | B |
| <i>A d'fhónaigh ar an 14ú Údarás RTÉ</i>                |        |   |                                            |   |       |   |                |   |                         |   |
| Patrick J Wright <sup>(1)</sup>                         | 4      | 3 | 2                                          | 2 |       |   |                |   |                         |   |
| Joe Barry <sup>(1)</sup>                                | 4      | 3 |                                            |   |       |   | 3              | 2 |                         |   |
| Anne Doyle <sup>(1)</sup>                               | 4      | 2 |                                            |   | 1     | - |                |   |                         |   |
| Des Geraghty <sup>(1)</sup>                             | 4      | 4 | 2                                          | 2 |       |   |                |   |                         |   |
| Maura Hayes <sup>(1)</sup>                              | 4      | 4 |                                            |   | 1     | 1 |                |   |                         |   |
| Garry Hynes <sup>(1)</sup>                              | 4      | 1 |                                            |   | 1     | 1 |                |   |                         |   |
| Mary Peters <sup>(1)</sup>                              | 4      | 4 | 2                                          | 2 |       |   |                |   |                         |   |
| <i>A d'fhónaigh ar an 14ú agus ar an 15ú Údarás RTÉ</i> |        |   |                                            |   |       |   |                |   |                         |   |
| Paddy Marron <sup>(2)</sup>                             | 8      | 8 |                                            |   | 1     | 1 | 7              | 7 | -                       |   |
| Stephen O'Byrnes <sup>(2)</sup>                         | 8      | 8 | -                                          |   | 1     | 1 | 3              | 2 |                         |   |
| <i>A d'fhónaigh ar an 15ú Údarás RTÉ</i>                |        |   |                                            |   |       |   |                |   |                         |   |
| Mary Finan <sup>(6)</sup>                               | -      |   | -                                          |   |       |   |                |   | -                       |   |
| Fintan Drury <sup>(4)</sup>                             | 4      | 4 | -                                          |   |       |   |                |   | 2                       | 2 |
| Maria Killian <sup>(3)</sup>                            | 4      | 4 | -                                          |   | 1     | 1 |                |   |                         |   |
| Patricia King <sup>(3)</sup>                            | 4      | 4 |                                            |   |       |   | 4              | 4 | 2                       | 2 |
| Ian Malcolm <sup>(3)</sup>                              | 4      | 4 | -                                          |   | 1     | 1 |                |   |                         |   |
| Úna Ní Chonaire <sup>(3)</sup>                          | 4      | 4 |                                            |   | 1     | 1 |                |   |                         |   |
| Emer Finnan <sup>(5)</sup>                              | 2      | 2 |                                            |   |       |   | 4              | 3 | 2                       | 2 |
| Joe O'Brien <sup>(5)</sup>                              | 2      | 2 |                                            |   |       |   |                |   | 2                       | 2 |

Is é atá i gColún A líon na gcruinnithe a ritheadh sa tréimhse ina raibh an comhalta Údaráis ina bhall den Údarás agus/nó de Choiste.

Is é atá i gColún B an líon cruinnithe ar ar fhreastail an Comhalta Údaráis le linn dó/di a bheith ina b(h)all den Údarás agus/nó de Choiste.

(1) : Tháinig deireadh lena seal oifige 31 Bealtaine 2005

(2) : Tháinig deireadh lena seal oifige 31 Bealtaine 2005. Athcheapadh é le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005

(3) : Athcheapadh le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005

(4) : Athcheapadh le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. D'éirigh sé as 19 Eanáir 2006

(5) : Athcheapadh le héifeacht ó 14 Meán Fómhair 2005

(6) : Athcheapadh 21 Feabhra 2006

# TUAIRISC CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Cuireann comhaltaí Údarás RTÉ a dtuarascáil ar fáil mar aon le ráitis iniúchta airgeadais an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann, a sholáthraíonn seirbhísí Teilifíse agus Raidió saor le haer do luchtanna féachana/éisteachta na hÉireann. Chomh maith leis sin, soláthraíonn RTÉ seirbhísí líonra tarchuir agus túir do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile trí Tharchur Líonra RTÉ Teoranta, fochuideachta atá go hiomlán i seilbh RTÉ. Riarann RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Cheolchoirme Náisiúnta RTÉ chomh maith le cóir éagsúla. Chomh maith leis sin, foilsíonn RTÉ an *RTÉ Guide*, agus soláthraíonn seirbhís teilifíse agus raon de sheirbhísí gréasán-bhunaithe ar líne saor in aisce.

## Athbhreithniú gnó

Tá athbhreithniú mion ar fheidhmiú le linn 2005 le fáil in athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra ar leathanaigh 6 go 21 agus san athbhreithniú airgeadais ar leathanaigh 22 go 25. Cuimsíonn na hathbhreithnithe sin na príomhríosaí agus éiginnteachtaí atá roimh an nGrúpa chomh maith le hanailís ar eochairtháscairí feidhmiúcháin, idir tháscairí airgeadais agus tháscairí neamhairgeadais.

Ar leathanaigh 87 go 92, déantar athbhreithniú ar fheidhmiú RTÉ maidir lena ngealltanais dá lucht féachana agus éisteachta.

## Comhaltaí Údaráis

Tháinig deireadh le seal oifige an 14ú hÚdarás ar 31 Bealtaine 2005. Ceapadh an 15ú hÚdarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Ar leathanach 33 tá ainmneacha gach duine a d'fhónaigh mar chomhalta Údaráis in am ar bith le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2005.

## Rialachas Corparáideach

Leagtar socruithe rialachais chorparáidigh RTÉ amach sa tuarascáil bhliantúil, mar seo a leanas:

|                                                  |              |
|--------------------------------------------------|--------------|
| Rialachas corparáideach                          | lgh 30 go 33 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta            | lgh 35 go 36 |
| Tuarascáil faoi luach saothair                   | lgh 37 go 38 |
| Próifíleanna na gcomhaltaí Údaráis               | lgh 26 go 27 |
| Ráiteas faoi fhreagrachtaí na gcomhaltaí Údaráis | lgh 39       |

## Leabhair agus taifid

Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí Údarás RTÉ deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chearta. Ar na bearta a theastaíonn maidir leis seo tá córais agus gnásanna cuí a úsáid, pearsanra cuntasaíochta le cáilíochtaí gairmiúla agus saintaithí cuí a fhostú agus dóthain acmhainní a sholáthar le haghaidh na feidhme airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais an Ghrúpa i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4, seachas leabhair Sheirbhísí Theilifíse na Gaeilge Teoranta, a choimeádtar i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

## Cuntais a íoc

Admhaíonn comhaltaí an Údaráis a ndualgas chun deimhin a dhéanamh de go gcloítear le gach gné ábhartha d'fhorálacha na rialachán ar a dtugtar *European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002* ("na Rialacháin"). Tá gnáthaimh curtha i ngníomh chun a aithint cén dáta ar a mbíonn sonraisc iníoctha agus deimhin a dhéanamh de go ndéantar na híocaíochtaí faoina leithéid de dháta. Is ráthaíocht réasúnta iad a leithéid de ghnásanna i gcoinne neamhghéilliúlachta ábhartha leis na Rialacháin. Ba é an polasaí íocaíochta a bhí i bhfeidhm le linn na bliana atá faoi athbhreithniú ná cloí le riachtanais na Rialachán.

## Cuideachtaí an Ghrúpa

Tugtar eolas i dtaobh fochuideachtaí agus gnóthas comhlachtaithe i nóta 11 leis na ráitis airgeadais.

## Deonacháin pholaitiúla

I dtaca leis an *Acht Toghcháin 1997*, ní thugann RTÉ aon deonachán polaitiúil uaidh.

Thar cheann an Údaráis

**Mary Finan** Cathaoirleach  
**Cathal Goan** Príomh-Stiúrthóir  
**Paddy Marron** Comhalta Údaráis agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta

9 Márta 2006

# TUAIRISC AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

## Ballraíocht agus cruinnithe

Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana, ar a laghad. Bhí seacht gcrúinniú ann le linn 2005. Is iad baill an choiste ná triúr comhaltaí de chuid an Údaráis, Paddy Marron, Emer Finnan agus Patricia King, a meastar gach duine acu a bheith neamhspleách. Is é Paddy Marron, a bhí ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta an 14ú Údarás freisin, atá ina chathaoirleach. Is cuntasóirí cairte iad Paddy Marron agus Emer Finnan beirt, agus tá taithí acu ar bheith ag plé le hobair ábhartha airgeadais le déanaí.

Is gnách go mbíonn an Príomh-Stiúrthóir, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí i láthair ag cruinnithe de chuid an choiste, agus bíonn na hiniúcháirí seachtracha i láthair de réir mar is gá. Bíonn teacht dhíreach neamhtheoranta ag Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí, agus ag na hiniúcháirí seachtracha, ar Chathaoirleach an choiste i gcónaí. Sa bheis air sin, bíonn comhphlé ag an gCoiste Iniúcháireachta leis na hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha uair in aghaidh na bliana, ar a laghad, gan bainisteoirí feidhmiúcháin a bheith i láthair, le deimhniú nach bhfágтар aon údar imní gan plé.

## Freagrachtaí

Is é an Coiste Iniúcháireachta atá freagrach as:

- Na hiniúcháirí seachtracha a roghnú agus a cheapadh, a dtéarmaí tagartha agus táillí a fhaomhadh agus cineál agus scóip na hoibre iniúcháireachta a shocrú i gcomhar leis na hiniúcháirí seachtracha;
- Athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí seachtracha. Lena linn sin, cuireann an Coiste ceisteanna oiriúnacha ar bhainisteoirí agus iniúcháirí inmheánacha;
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní, scóip agus éifeachtúlacht na hiniúcháireachta inmheánaí (lena n-áirítear ceapadh nó dícheapadh Cheann na hIniúcháireachta Inmheánaí) agus an clár iniúcháireachta inmheánaí don bhliain dár gcionn a chomhaontú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na gnáthaimh a úsáidtear chun déileáil le líomhaintí ó 'lucht sceite scéil';
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ó bhainisteoirí agus ón iniúcháireacht inmheánach maidir le cé chomh héifeachtach is atá na córais rialúcháin imheánaigh. Chuige sin pléitear gach tuairisc iniúcháireachta inmheánaí agus gach freagra a chuireann bainisteoirí ar fáil i dtaobh moltaí agus déantar monatóireacht ar dhul chun cinn cibé beart a bheadh riachtanach. Cuireann Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí tuairisc i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúcháireachta, ag déanamh achoimre ar obair a rinneadh ón gcrúinniú deireanach agus ag díriú ar na réimsí fócais don tréimhse atá le teacht; agus
- Ag athbhreithniú, sular gcuirtear faoi bhráid an Údaráis go foirmiúil iad, ráitis bhliantúla airgeadais an Ghrúpa agus, go sonrach:
  - cibé ábhar tábhachtach a eascraíonn as an iniúchadh seachtrach;
  - na beartais chuntasaíochta;
  - aon cheist a bhfuil breithiúnas le déanamh uirthi;
  - cé chomh soiléir is a nochtar an t-eolas;
  - comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus dlíthiúla infheidhme; agus
  - na ráitis faoi rialú inmheánach.

Tá miontéarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta le fáil ar shuíomh gréasáin RTÉ.

# TUAIRISC AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AR LEAN

## Neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí seachtracha

Athbhreithníonn an Coiste Iniúcháireachta neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí seachtracha, lena n-áirítear:

- Deimhniú a lorg go bhfuil na hiniúcháirí seachtracha, de réir a mbreithiúnais ghairmiúil, neamhspleách ar an nGrúpa;
- Cuntas a fháil ó na hiniúcháirí seachtracha ar gach caidreamh idir na hiniúcháirí agus an Grúpa;
- Monatóireacht a dhéanamh ar an líon iarfhostaithe de chuid na n-iniúcháirí seachtracha atá fostaithe i bpoist shinsearach sa Ghrúpa faoi láthair féachaint an lagaíonn, nó a bhfuil an chuma orthu go lagaíonn, na ceapacháin sin breithiúnas nó neamhspleáchas na n-iniúcháirí;
- Féachaint an lagaíonn, nó an bhfuil an chuma orthu go lagaíonn, iomlán na gcaidreamh idir an Grúpa agus na hiniúcháirí seachtracha breithiúnas agus neamhspleáchas na n-iniúcháirí; agus
- Athbhreithniú ar thábhacht eacnamaíoch ag Ghrúpa do na n-iniúcháirí seachtracha agus féachaint an lagaíonn an tábhacht sin, nó má tá an chuma uirthi go lagaíonn, breithiúnas nó neamhspleáchas na n-iniúcháirí seachtracha.

Tá sé deimhnithe ag na hiniúcháirí seachtracha, KPMG, leis an gCoiste Iniúcháireachta go bhfuil siad ag leanúint orthu ag úsáid gnáthamh a chinnteoidh nach maolófar a n-oibiachtúlacht ná a neamhspleáchas. Áirítear leis sin comhpháirtithe neamhspleácha a úsáid, bord athbhreithnithe teicniúil a úsáid (de réir mar is cuí) agus deimhnithe neamhspleáchais a fháil ó gach ball foirne in aghaidh na bliana. Tuairiscíonn na hiniúcháirí seachtracha leis an gCoiste Iniúcháireachta ar bhonn bliantúil mar gheall ar ábhair a bhaineann le neamhspleáchas agus le táillí neamhiniúcháireachta. Chomh maith leis sin, bíonn na comhpháirtithe iniúcháireachta ag déanamh sealaíochta ar a chéile ó thréimhse go tréimhse.

## Soláthar seirbhísí na n-iniúcháirí seachtracha

Mar pháirt d'athbhreithniú an Choiste Iniúcháireachta ar leordhóthanacht agus oibiachtúlacht phróiseas na hiniúcháireachta seachtraí, déanann an Coiste Iniúcháireachta meastóireacht bhliantúil ar leibhéal na seirbhísí neamhiniúcháireachta a sholáthraíonn na hiniúcháirí seachtracha, agus na táillí a bhaineann leo, i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúcháirí seachtracha. Tá mionsonraí faoi chineál na seirbhísí neamhiniúcháireachta a chuir KPMG ar fáil le linn na bliana, agus na táillí a bhain leo, i nóta 7 leis na ráitis airgeadais.

Thar cheann an Údaráis

**Paddy Marron** *Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta*

# TUAIRISC FAOI LUACH SAOTHAIR

## Baill an Choiste um Luach Saothair agus Forbairt

### Bainistíochta

Ceathrar comhaltaí de chuid an Údaráis atá san Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta, is iad sin, Mary Finan, Stephen O'Byrnes, Maria Killian agus Ian Malcolm, a meastar gach duine acu a bheith neamhspleách. Ainmníonn an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha ionadaí chun cabhrú leo, de réir mar is cuí.

Tá téarmaí tagartha scríofa ag an gCoiste seo. Measann an fochoiste seo gach gné de luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra agus na mbainisteoirí sinsearacha trí chéile, agus cuireann moltaí ar fáil don Údarás, i bhfianaise bheartas an Rialtais i dtaca le luach saothair bhainisteoirí feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit. Tá athbhreithniú déanta ag an bhfochoiste ar chonarthaí ard-tallainn.

Is é an Rialtas a shocraíonn luach saothair chomhaltaí an Údaráis. Measann an coiste spriocanna, feidhmiú agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra agus cuireann moltaí i láthair an Údaráis sula lorgaítear faomhadh an Rialtais ina leith. Chomh maith leis sin, forbraíonn an coiste beartas RTÉ maidir le luach saothair na bhfeidhmeannach agus measann/faomhann tuarastail agus téarmaí eile a bhaineann le pacáiste luacha shaothair na mbainisteoirí feidhmiúcháin, i bhfianaise bheartas an Rialtais maidir le luach saothair bhainisteoirí feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit. Téitear i gcomhairle leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir le moltaí luacha shaothair le haghaidh bainisteoirí sinsearacha eile agus lorgaítear comhairle sheachtrach nuair is gá.

## Luach saothair na gcomhaltaí Údaráis

|                                                           | 2005<br>€'000 | 2004<br>€'000 |
|-----------------------------------------------------------|---------------|---------------|
| <b>Comhaltaí Údaráis<sup>1</sup></b>                      |               |               |
| <i>A d'fhónaigh ar an 14ú hÚdarás RTÉ:</i>                |               |               |
| Patrick J Wright                                          | 8             | 19            |
| Joe Barry <sup>2, 4</sup>                                 | 5             | 13            |
| Anne Doyle <sup>3</sup>                                   | 5             | 13            |
| Des Geraghty <sup>4</sup>                                 | 5             | 13            |
| Maura Hayes                                               | 5             | 13            |
| Garry Hynes                                               | 5             | 13            |
| Mary Peters                                               | 5             | 13            |
| <i>A d'fhónaigh ar an 14ú agus ar an 15ú hÚdarás RTÉ:</i> |               |               |
| Paddy Marron                                              | 12            | 13            |
| Stephen O'Byrnes <sup>4</sup>                             | 12            | 13            |
| <i>A d'fhónaigh ar an 15ú hÚdarás RTÉ:</i>                |               |               |
| Mary Finan <sup>5</sup>                                   | -             | -             |
| Fintan Drury <sup>6</sup>                                 | 10            | -             |
| Emer Finnan <sup>7</sup>                                  | 4             | -             |
| Maria Killian                                             | 7             | -             |
| Patricia King <sup>4</sup>                                | 7             | -             |
| Ian Malcolm <sup>4</sup>                                  | 7             | -             |
| Úna Ní Chonaire <sup>4</sup>                              | 7             | -             |
| Joe O'Brien <sup>3,7</sup>                                | 4             | -             |
|                                                           | <b>108</b>    | <b>123</b>    |

1 : Níl aon chomhalta de chuid an Údaráis ina fheidhmeannach.

2 : Áirítear costais phinsin Joe Barry i gCiste Aoisliúntais RTÉ.

3 : Bhí Anne Doyle agus Joe O'Brien á n-íoc mar fhostaithe de chuid RTÉ anuas ar a dtáillí Údaráis.

4 : Chomh maith lena dtáillí Údaráis fuair Joe Barry, Des Geraghty, Stephen O'Byrnes, Patricia King, Úna Ní Chonaire agus Ian Malcolm suimeanna neamhábhartha i 2005 as a bheith páirteach i gclár.

5 : Ceapadh 21 Feabhra 2006.

6 : D'éirigh as le héifeacht ó 19 Eanáir 2006.

7 : Ceapadh le héifeacht ó 14 Meán Fómhair 2005

# TUAIRISC FAOI LUACH SAOTHAIR AR LEAN

Chloígh RTÉ leis na treoirlínte a rialaíonn íocaíocht táillí le Cathaoirligh agus le Stiúrthóirí Comhlachtaí Poiblí, a d'eisigh an tAire Airgeadais in Iúil 1992.

## Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra

|                               | 2005       | 2004       |
|-------------------------------|------------|------------|
|                               | €'000      | €'000      |
| Cathal Goan                   |            |            |
| - Buntuarastal                | 259        | 235        |
| - Riaráistí buntuarastail     | 13         | 10         |
| - Pá i gcoibhneas le feidhmiú | 42         | -          |
| - Ranníocaíochtaí pinsin      | 22         | 20         |
| - Sochair eile                | 27         | 31         |
|                               | <b>363</b> | <b>296</b> |

Ba i leith fheidhmiú 2004 a íocadh an pá i gcoibhneas le feidhmiú i 2005.

Tá Cathal Goan ina bhall de Scéim Aoisliúntais RTÉ. Ba mar seo a leanas na sochair phinsin a thuill sé le linn na bliana agus an pinsean iomlán a bhí fabhráithe faoi 31 Nollaig 2005:

| Méadú ar phinsean<br>fabhráithe le linn<br>2005 <sup>1</sup> | Luach<br>aistriúcháin an<br>mhéadaithe <sup>2</sup> | Pinsean<br>fabhráithe<br>iomlán ag<br>deireadh<br>bliana <sup>3</sup> |
|--------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------|
| €'000                                                        | €'000                                               | €'000                                                                 |
| Cathal Goan                                                  | 3                                                   | 56                                                                    |
|                                                              |                                                     | 116                                                                   |

1 Ní áirítear boilsciú sa mhéadú ar an bpinsean fabhráithe le linn na bliana.

2 Rinneadh luach aistriúcháin an mhéadaithe ar an bpinsean fabhráithe a ríomh de réir chomhairle achtúirí. Ní hionann an luach aistriúcháin seo agus suimeanna atá íoctha nó dlite, ach suim a d'aistreoífaí go scéim phinsean eile i leith na sochar a fabhraíodh i 2005 dá mba rud é go n-éireodh an ball as an tseirbhís.

3 Is ionann an pinsean fabhráithe a thaispeántar agus an méid a d'íocfaí in aghaidh na bliana ar an ngnáthdháta scoir, de réir seirbhíse go dtí deireadh na bliana.

## Leas Chomhaltaí Údaráis i Scairchaipiteal

Níl aon scairchaipiteal ag RTÉ, ó tharla gur Comhlacht Stáit atá ann. Níl aon leas sochrach ag comhaltaí Údarás RTÉ i scairchaipiteal aon ghnóthais de chuid fhochuideachtaí RTÉ.

# RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ NA gCOMHALTAÍ ÚDARÁIS

Bíonn sé de dhualgas ar chomhaltaí Údarás RTÉ tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú, de réir na ndlíthe agus na rialúchán infheidhme.

De réir reachtaíocht chraolacháin, ní mór d'Údarás RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus Grúpa a ullmhú le haghaidh gach bhliain airgeadais. Faoi bhun na reachtaíochta sin, shocraigh comhaltaí Údarás RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, is é sin cumasc de dhlíthe infheidhme agus de chaighdeán chuntasaíochta a eisiúnn an Bord um Chaighdeán Chuntasaíochta agus a chraobhscaoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ní mór, de réir dlí, go dtabharfadh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa léargas fíreannach cothrom ar ghnóthaí RTÉ agus an Ghrúpa agus ar fharasbarr nó ar easnamh na tréimhse sin.

Le linn do chomhaltaí Údarás RTÉ a bheith ag ullmhú ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa faoi seach, bíonn iallach orthu:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nár chuig glacadh leis go leanfaidh RTÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Bíonn comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa agus a chuireann ar a gcumas dóibh deimhniú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an reachtaíocht chraolacháin. Bíonn freagracht ghinearálta orthu cibé bearta atá indéanta go réasúnta a dhéanamh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as cothabháil agus iomláine an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Is féidir go mbeidh difríochtaí idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais i bPoblacht Éireann agus reachtaíocht atá i bhfeidhm i gceantair dhlínse eile.

Thar cheann an Údaráis

**Mary Finan** *Cathaoirleach*

**Cathal Goan** *Príomh-Stiúrthóir*

**Paddy Marron** *Comhalta Údaráis agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta*

9 Márta 2006

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLÉÁCH LE COMHALTAÍ ÚDARÁS RTÉ

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ('na ráitis airgeadais') don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005, atá comhdhéanta de ráiteas ioncaim agus caiteachais an Ghrúpa, cláir chomhardaithe RTÉ agus an Ghrúpa, ráiteas um shreabhadh airgid an Ghrúpa, ráiteas an Ghrúpa faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na mbeartas cuntasafóichta a leagtar amach iontu.

Déantar an tuarascáil seo do Chomhaltaí RTÉ mar chomhlacht, agus dóibh sin amháin. Rinneadh ár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí an Údaráis na nithe sin a bhfuil sé ceangailte orainn a lua leo mar chomhlacht i dtuarascáil iniúcháir agus chun na críche sin amháin. Go feadh lán an mhéid atá ceadaithe de réir dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht d'aon duine eile ach amháin do RTÉ agus do Chomhaltaí an Údaráis, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo nó as ár dtuairimí.

## Freagrachtaí an Údaráis agus na n-iniúcháirí faoi seach

Is sa ráiteas faoi fhreagrachtaí na gcomhaltaí Údaráis, ar leathanach 39, a leagtar amach freagrachtaí na gcomhaltaí Údaráis maidir le hullmhú na Tuarascála Bliantúla agus ráitis airgeadais an Ghrúpa de réir na ndlíthe infheidhme agus na gcaighdeán cuntasafóichta a eisiúnn an Bord um Chaighdeán Chuntasaíochta agus a chraobhscaoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Na Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn).

Is é ár ndualgas na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na ndlíthe agus na rialúcháin ábhartha agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháiríocht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscimid daoibh ár dtuairim cé acu a thugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas firinneach cothrom agus cé acu atá siad ullmhaithe de réir na reachtaíochta craolacháin nó nach bhfuil. Chomh maith leis sin, tuairiscimid daoibh, de réir ár dtuairime, cé acu a choinnigh RTÉ leabhair chuntais chearta nó nár choinnigh agus cé acu atá an t-eolas sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais nó nach bhfuil. Sonraímid freisin cé acu a fuairamar nó nach bhfuairamar an t-eolas agus na mínithe ar fad a bhí riachtanach dár n-iniúchadh agus cé acu atá ráitis airgeadais RTÉ i gcomhréir leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Athbhreithnímid, ar iarratas an Údaráis, cé acu a léiríonn nó nach léiríonn an ráiteas faoin gcóras rialúcháin inmheánaigh atá ar leathanach 30, go bhfuil an Grúpa ag comhlíonadh na forála sa *Chód Cleachtas um Rialáil Comhlachtaí Stáit* atá sonraithe i gcomhair athbhreithnithe ag iniúcháirí agus más rud é go léiríonn na ráitis neamhghéilliúlacht an Ghrúpa, tuairiscimid sin a bheith amhlaidh. Ní cheanglaítear orainn breithiúnas a dhéanamh ar cé acu a chlúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird na rioscaí agus na rialuithe ar fad, ná tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht ghnáthaimh rialachais chorparáidigh an Ghrúpa ná a ngnáthaimh i leith rioscaí agus rialúcháin.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais chorparáidigh, agus breithnímid cé acu atá nó nach bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Cuimsíonn an t-eolas eile sin tuarascáil na gComhaltaí Údaráis, ráiteas an Chathaoirligh, athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra, an t-athbhreithniú airgeadais, an ráiteas faoi rialachas corparáideach, tuarascáil an choiste iniúcháiríochta agus an tuarascáil faoi luach saothair. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhír áiritis dhealraitheacha nó aon neamhréir ábhartha sna ráitis airgeadais. Ní cuid ar bith dár bhfreagrachtaí aon eolas a chlúdach.

## Bunús na tuairime iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúcháiríochta (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Is cuid den iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Clúdaíonn sé freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne an tÚdarás agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cé acu atá nó nach bhfuil na bearta chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa, ar cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus an ndearnadh iad a nochtadh go leordhóthanach.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis gach eolas agus míniú a mheasamar a bheith riachtanach chun leordhóthain fianaise a fháil agus deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhír áiritis ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó mírialtachta nó earráide. Chun teacht ar ár dtuairim mheasamar freisin cé chomh sásúil is a bhí cur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fireannach cothrom, de réir na gcleachtas cuntasafóichta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, ar ghnóthaí RTÉ agus an Ghrúpa faoi mar a bhí ar an 31 Nollaig 2005 agus ar fharasbarr agus shreabhaidh airgid an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir na reachtaíochta craolacháin.

Fuairamar an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Inár dtuairim, choinnigh RTÉ leabhair chuntais chuí. Tá clár comhardaithe RTÉ agus na leabhair chuntais de réir a chéile.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na gcomhaltaí Údaráis i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

## KPMG

*Cuntasóirí Cairte*

Iniúcháir Cláraithe

Baile Átha Cliath

9 Márta 2006

# RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Feidhmíodh na prionsabail chuntasaíochta seo a leanas go comhleánúnach chun déiléal le míreanna a measadh a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Ghrúpa, ach amháin beartas cuntasaíochta ar phinsin agus sochair iartharsin a athraíodh chun FRS 17 ‘Sochair Scoir’ a leanúint.

## Bonn ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo faoi ghnás na gcostas stairiúil agus comhlíonann siad caighdeán tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeán Chuntasaíochta, de réir mar a chraobhscoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn iad. Tá na ráitis airgeadais leagtha amach san fhoirmáid atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náisiúnta, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, faoi bhun na reachtaíochta craolacháin.

## Athruithe i mbeartais chuntasaíochta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa ag úsáid na mbeartas cuntasaíochta céanna is a leagadh amach i ráitis airgeadais na bliana dar críoch 31 Nollaig 2004, ach amháin an beartas cuntasaíochta i dtaca le sochair scoir tar éis gur glacadh le FRS 17 ‘Sochair larscoir’. Sna blianta go dtí seo, chloígh an Grúpa leis na riachtanais nochta eatramhacha a bhain leis an gcaighdeán seo. Athraíodh an beartas cuntasaíochta nuair a glacadh le FRS 17 agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athshonrú dá réir sin.

Ba é toradh an athraithe sin sa bheartas cuntasaíochta maidir le sochair scoir ná farasbarr an Ghrúpa don bhliain a mhéadú faoi €7,176,000 (2004: €11,899,000), lena n-áirítear méadú €5,009,000 (2004: €3,831,000) ar chostais foirne agus méadú €12,185,000 (2004: €15,730,000) ar ioncam eile airgeadais, agus gur aithníodh caillteanas achtúireach €7,140,000 (2004: €60,228,000) sa ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta. Ba é an tionchar a bhí ag an athrú sin sa bheartas cuntasaíochta ar chlár comhardaithe an Ghrúpa ná an tsócmhainn phinsin a mhéadú faoi €36,000 (2004: laghdú €48,329,000), le méadú comhréireach (2004: laghdú) sa chúlchiste chuntas ioncaim agus caiteachais.

## Bunús an chomhdhlúthaithe

Áirítear ráitis airgeadais RTÉ agus a chuid fochuideachtaí uile go dtí an 31 Nollaig gach bliain i ráitis airgeadais an Ghrúpa.

## Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta

Is é atá sa chaiteachas a thabhaíonn Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, fochuideachta a bhfuil seilbh iomlán ag RTÉ uirthi, ná costais chaipitiúla agus oibriúcháin i dtaca le TG4, an stáisiún teilifíse Gaeilge a bunaíodh de réir bheartas craolacháin an Rialtais.

Is é an phríomhfhoinsé mhaoinithe le haghaidh chaiteachas caipitiúil Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta ná deontais chaipitiúla (airleacain neamh-inaisíochta ón Státchiste) ón Státchiste. Amúchtar na suimeanna deontais seo ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Déantar costais oibriúcháin dhíreacha Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, lena n-áirítear caiteachas suntasach ar chlár agus ar riarachán, glan ar fhógraíocht agus ar ioncam reatha eile, a mhaoiniú trí dheontais i gcabhair a fhaightear ón Státchiste. Tá an caiteachas seo fritháirithe, sa ráiteas ioncaim agus caiteachais, i gcoinne na ndeontais i gcabhair gaolmhar.

Déantar deontais i gcabhair réamhíochta i dtaca le táillí tarchuir a fuarthas ón Státchiste mar dheontais chaipitiúla i dtosach, a amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais ar an mbonn céanna le dímhéas na sócmhainní bunaidh.

Bíonn costais bhreise á dtabhú agus á dtuairisciú go leithleach ag RTÉ i dtaca le tacaíocht bhreise a sholáthar do TG4 le clár, le tarchur líonra craolacháin, le tacaíocht innealtóireachta agus le seirbhísí eile do TG4 de réir bheartas craolacháin an Rialtais.

## Ioncam reatha

Ní cuid den ioncam reatha iad CBL ná idirbhearta i measc chuideachtaí an Ghrúpa, ach clúdaíonn sé ioncam a ghnóthaítear ó Tháillí Ceadúnais teilifíse, díolacháin fhógraíochta, urraíocht, úsáid shaoraidí agus líonra tharchuir an Ghrúpa, ioncam scaipeacháin agus imeachtaí agus ioncam ábhair, marsanachta agus ioncam gaolmhar. Sonraítear an t-ioncam reatha glan ar lascaí socraíochta agus méide.

## Ioncam ón Táille Cheadúnais

Déanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) gach ioncam reatha ón Táille Cheadúnais atá iníochta aici ar son daoine atá i dteideal cheadúnas teilifíse ‘saor in aisce’ a íoc díreach leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha (DCMNR). Bailíonn An Post gach ioncam reatha eile ón Táille Cheadúnais teilifíse agus íocann le DCMNR é, glan ar chostais bhailiúcháin. Íocann an DCMNR “deontas i gcabhair” neamh-inaisíochta le RTÉ, de réir fhorálacha Alt 8 den *Acht um Údarás Craolacháin (Leasú)*, 1976, in ionad na suimeanna a bhailíonn An Post, glan ar chostais bhailiúcháin, agus íocann tobhach 5% leis an gCiste Speisialta Craolacháin, mar aon leis na suimeanna a d’íoc an DSFA léi.

# RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AR LEAN

## *Ioncam fógraíochta agus urraíochta*

Aithnítear ioncam fógraíochta i ndiaidh na rátaí comhaontaithe fógraíochta a shroicheadh. Aithnítear gach ioncam eile fógraíochta i ndiaidh a chraolta/fhoilsithe. Sonraítear ioncam fógraíochta glan ar choimisiúin ghníomhaireachta. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar thréimhse an chláir, an fhoilseacháin srl urraithe.

## *Ioncam ón líonra agus ó shaoráidí*

Tagann ioncam ón líonra agus ó shaoráidí de thoradh ar úsáid agus rochtain líonra tharchuir agus shaoráidí stiúideo an Ghrúpa a chur ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

## *Ioncam scaipeacháin agus imeachtaí*

Tagann ioncam scaipeacháin de thoradh ar fhoilsiú agus scaipeadh an RTÉ Guide agus sonraítear é glan ar tháillí a bhíonn dlite don dáileoir agus don díoltóir deiridh. Aithnítear ioncam de réir líon glan na gcóipeanna a dhíoltar faoi dheireadh na tréimhse díolacháin i gcomhair gach eagráin.

Tagann ioncam imeachtaí de thoradh ar imeachtaí poiblí a eagraíonn Grúpaí Oirfide RTÉ. Aithnítear é de réir mar a reáchtáiltear na himeachtaí agus de réir mar a dhlitear na suimeanna.

## *Ioncam ábhair, marsanachta agus ioncam gaolmhar*

Is é atá in ioncam ábhair, marsanachta agus ioncam gaolmhar ná suimeanna a ghnóthaítear ó ábhair RTÉ agus ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe ar shlite éasgsúla, lena n-áirítear saoráidí Idirlín an Ghrúpa, teilitéacs Aertel, díolachán seachtrach ar ábhair RTÉ agus suimeanna a shaothraítear de thoradh ar sheirbhísí tráchtála eile a sholáthraíonn an Grúpa. Aithnítear an t-ioncam reatha de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó tar éis na hearraí a chur ar fáil don tríú páirtí.

## **Caiteachas ar chlár**

Déantar costais na léiriúcháin intí, na gceart, na gclár coimisiúnaithe agus na gclár ceannaithe (neamhchoimisiúnaithe) a chur de mhuirear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## **Costais phinsin**

Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí pinsin ar son líon mór fostaithe, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Phinsean Ranníoca Sonraithe RTÉ agus scéimeanna ranníoca sonraithe eile.

I dtaca leis na scéimeanna ranníoca sonraithe, déantar ranníocaíochtaí a thabhu agus a aithint san fharasbarr nó sa chaillteanas oibriúcháin sa tréimhse inar thuill na fostaithe iad.

Scéim ranníoca sonraithe is ea Scéim Aoisliúntais RTÉ, agus déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime, agus luach reatha dhliteanas na scéime, mar a mheasann achtúire iad de réir mhodh chreidmheas na n-aonad fortheilgthe, a nochtadh mar shócmhainn/dlíteanas sa chlár creidmheasa, glan ar cháin iarchurtha (sa mhéid is go mbíonn sé in-aisghabhála). Is í an tsuim a chuirtear de mhuirear an fharasbairr oibriúcháin ná costas na sochar pinsin a gealladh d'fhostaithe le linn na bliana, arna mheas ag achtúire, móide cibé feabhsúcháin ar na sochair a deonaíodh do bhaill le linn na bliana.

Déantar an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime Aoisliúntais le linn na bliana, agus an méadú ar dhliteanas na scéime de bharr athraithe na lascaine le linn na bliana a shonrú mar chostais mhaoinithe sa ráiteas ioncaim agus caiteachais. Cibé difríocht a bheadh ann idir an toradh ionchais ar shócmhainní agus an toradh a baineadh amach, agus cibé athruithe a bheadh ar na dliteanas de bharr athruithe ar bhoinn thuisceana nó toisc an taithí iarbhr le linn na bliana a bheadh fidriúil ó na boinn thuisceana, déantar iad a aithint mar ghnóthachain agus caillteanas achtúireacha sa ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta.

## **Costais athstruchtúraithe**

Déanann an Grúpa soláthar in aghaidh chostais iomlána clár athstruchtúraithe, fiú má mhaireann na clár athstruchtúraithe níos faide ná an bhliain reatha. Ar na costais a d'fhéadfaí a áireamh ina leithéid de shuimeanna tá costais a bhaineann le laghdú foirne, lena n-áirítear íocaíochtaí (cnap shuimeanna) agus tuarastal laghdaithe a íoc go ceann tamaill, go dtí go mbeidh na daoine atá i gceist incháilithe i gcomhair theidlíochtaí pinsin, chomh maith le costais ábhartha eile. Déantar an costas iomlán don Ghrúpa a chur de mhuirear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfógraítear agus ina dtosaítear an clár athstruchtúraithe.

## **Cánachas**

Is de réir rátaí reatha a sholáthraítear cáin chorparáide ar bhrabúis incháinithe atá iníoctha in Éirinn agus thar lear. Tá ioncam an Ghrúpa ón Táille Cheadúnais a tuilleadh roimh 31 Nollaig 2005 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

Aithnítear cáin iarchurtha i leith gach difríochta uainithe atá tionscanta ach nach bhfuil freaschurtha ar dháta an chlár chomhardaithe i gcás go bhfuil idirbhearta nó tarlúintí tar éis titim amach ar dháta an chlár chomhardaithe a dtagann de thoradh orthu go bhfuil ceanglas ann chun níos mó cánach a íoc san am atá le teacht, nó ceart chun níos lú cánach a íoc san am atá le teacht. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabúis incháinithe an Ghrúpa agus a chuid torthaí de réir mar a luaitear sna ráitis airgeadais iad a thagann de thoradh ar ghnóthachain agus caillteanas a áireamh i meastacháin chánach i leith tréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is go meastar iad a bheith in-aisghabhála. Meastar iad a bheith in-aisghabhála sa mhéid go meastar, ar bhonn na fianaise go léir atá le fáil, go bhfuil sé níos dóchúla ná a mhalairt go mbeidh brabúis incháinithe oiriúnacha ann ar féidir freaschur na mbundifríochtaí uainithe a fhritháireamh ina gcoinne.

### Sócmhainní inláimhsithe seasta

Táispeántar sócmhainní inláimhsithe seasta ar a gcostas bunaidh, glan ar dhímheas carntha agus aon soláthar in aghaidh lagaithe.

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn inláimhsithe sheasta, seachas talamh ruilse, de réir rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a fhritháireamh, lúide a luach iarmharach measta, ar bhonn líne díri thar chaitheamh a thréimhse úsáide ionchais. Is mar seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

|                         | %        |
|-------------------------|----------|
| Foirgnimh               | 2.5      |
| Gléasra agus trealamh   | 7.5 - 20 |
| Daingneáin agus feistis | 10       |

Léiríonn tionscadail chaipitiúla ar siúl na costais a bhaineann le sócmhainní inláimhsithe seasta a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear in úsáid iad. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ón dáta coimisiúnaithe.

### Sócmhainní seasta airgeadais

Sonraítear sócmhainní seasta airgeadais ar a gcostas lúide aon soláthar in aghaidh lagaithe.

I gclár comhardaithe RTÉ, luaitear leas i bhfochuideachtaí ar a gcostas lúide aon soláthar in aghaidh lagaithe.

### Soláthairtí

Tugtar cuntas ar sholáthairtí de réir FRS 12 'Soláthairtí, dlíteanas theagmhasacha agus sócmhainní teagmhasacha'.

Déantar soláthar le haghaidh chostais oibleagáide reatha i gcás gur dócha go dteastóidh aistriú de luach eacnamaíoch chun an oibleagáid a réiteach agus go bhfuil an Grúpa in ann meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith. Más féidir leis an nGrúpa an caiteachas seo a sheachaint trína ngníomhartha amach anseo a athrú ní aithnítear aon soláthar le haghaidh na hoibleagáide.

Déantar oibleagáidí atá le tabhú sna blianta atá le teacht a lascainiú go dtí a luachanna san am i láthair trí fheidhm a bhaint as ráta lascainithe cuí. Baintear íocaíochtaí den soláthar de réir mar a dhéantar iad agus cuirtear an t-ús gaolmhar de mhuipear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais ar bhonn bliantúil.

### Sócmhainní leachtacha

Is ionann sócmhainní leachtacha agus taiscí gearrthéarmacha agus infheistíochtaí sócmhainní reatha atá inaistrithe go réidh ar shuimeanna airgid aithnidiúla de réir a luachanna carraeireachta, nó gar dóibh, nó a thrádáiltear ar mhargadh gníomhach.

Chun críche an tuairiscithe ar shreabhadh airgid, agus de réir FRS 1 'Ráitis faoi shreabhadh airgid', pléitear le gach taisce a rangáitear mar 'Airgead sa bhanc' sa chlár comhardaithe, diomaite de chuntais reatha agus de thaiscí prapéilimh, mar 'Shócmhainní leachtacha' i ráiteas faoi shreabhadh airgid an Ghrúpa.

### Léasanna

Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a chur de mhuipear ar bhonn líne díri thar thréimhse an léasa.

### Airgeadra eachtrach

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh de réir na rátaí malairte iarbhir ar dháta an idirbhearta nó, i gcás gur cuí, de réir an ráta malairte i gconarthaí réamh-mhalairte gaolmhara. Aistrítear sócmhainní agus dlíteanas airgeadaíochta trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte faoi mar a bhí ar dháta an chlár chomhardaithe, nó, i gcás gur cuí, de réir an ráta malairte i gconarthaí réamh-mhalairte gaolmhara. Déantar cibé gnóthachan nó caillteanas a thagann de thoradh ar athrú sna rátaí malairte tar éis dháta an idirbhearta a áireamh mar ghnóthachain nó mar chaillteanas malairte sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

### Idirbhearta páirtithe gaolmha

Bhain an Grúpa leas as na díolúinte faoi FRS 8 'Nochtadh páirtí ghaolmhair' agus, dá bharr sin, ní nochtann sé idirbhearta idir gnóthais de chuid an Ghrúpa.

# RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AN GHRÚPA

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

|                                                                                                             | Nótaí | 2005                    |                                          |                 | 2004                    |                                          |                                          |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------|-------------------------|------------------------------------------|-----------------|-------------------------|------------------------------------------|------------------------------------------|
|                                                                                                             |       | Faoi<br>SSAP24<br>€'000 | Tionchar<br>FRS 17 <sup>1</sup><br>€'000 | lomlán<br>€'000 | Faoi<br>SSAP24<br>€'000 | Tionchar<br>FRS 17 <sup>1</sup><br>€'000 | lomlán (mar á<br>athshonraíodh)<br>€'000 |
| <b>Ioncam reatha</b>                                                                                        | 1     | <b>369,888</b>          | -                                        | 369,888         | <b>342,882</b>          | -                                        | 342,882                                  |
| Costais oibriúcháin roimh ús, cáin,<br>dímheas & amúchadh                                                   |       | <b>(346,338)</b>        | (5,009)                                  | (351,347)       | <b>(315,308)</b>        | (3,831)                                  | (319,139)                                |
| Costais oibriúcháin STnaG, glan ar ioncam reatha                                                            |       | <b>(1,146)</b>          | -                                        | (1,146)         | -                       | -                                        | -                                        |
| <b>Costais oibriúcháin roimh ús, cáin,<br/>dímheas &amp; amúchadh</b>                                       |       | <b>22,404</b>           | (5,009)                                  | 17,395          | <b>27,574</b>           | (3,831)                                  | 23,743                                   |
| <b>Dímheas agus amúchadh</b>                                                                                |       |                         |                                          |                 |                         |                                          |                                          |
| Oibríochtaí leanúnacha, gan STnaG                                                                           | 7     | <b>(15,177)</b>         | -                                        | (15,177)        | <b>(15,672)</b>         | -                                        | (15,672)                                 |
| Dímheas STnaG, glan ar amúchadh<br>deontais chaipitiúil                                                     | 7     | <b>(778)</b>            | -                                        | (778)           | -                       | -                                        | -                                        |
| Leagan anuas gléasra &<br>trealamh/daingneáin & feistis                                                     | 3     | -                       | -                                        | -               | <b>(8,272)</b>          | -                                        | (8,272)                                  |
| Táille meath foirgnimh                                                                                      | 3     | -                       | -                                        | -               | <b>(10,767)</b>         | -                                        | (10,767)                                 |
|                                                                                                             |       | <b>6,449</b>            | (5,009)                                  | 1,440           | <b>(7,137)</b>          | (3,831)                                  | (10,968)                                 |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní<br>inláimhsithe seasta                                                  |       | <b>104</b>              | -                                        | 104             | <b>31</b>               | -                                        | 31                                       |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní airgeadais                                                              | 11    | <b>505</b>              | -                                        | 505             | -                       | -                                        | -                                        |
| Farasbarr fháltais árachais a fuair STnaG<br>thar luachanna sócmhainní gaolmhara                            | 7     | <b>1,075</b>            | -                                        | 1,075           | -                       | -                                        | -                                        |
| Gnóthachan ar dhiúscairt shuíomh<br>tarchurtha barrachais roimh cháin ar<br>ghnóthachain chaipitiúla        | 4     | -                       | -                                        | -               | <b>16,588</b>           | -                                        | 16,588                                   |
| <b>Farasbarr roimh ús agus cáin</b>                                                                         |       | <b>8,133</b>            | (5,009)                                  | 3,124           | <b>9,482</b>            | (3,831)                                  | 5,651                                    |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil                                                                       | 5     | <b>1,597</b>            | -                                        | 1,597           | <b>1,160</b>            | -                                        | 1,160                                    |
| Ús iníoctha agus táillí comhchosúla                                                                         | 6     | <b>(445)</b>            | -                                        | (445)           | <b>(571)</b>            | -                                        | (571)                                    |
| Ioncam eile airgeadais                                                                                      | 5,16  | -                       | 12,185                                   | 12,185          | -                       | 15,730                                   | 15,730                                   |
| <b>Farasbarr ó ghnáthghníomhaíochtaí<br/>roimh cháin</b>                                                    | 7     | <b>9,285</b>            | 7,176                                    | 16,461          | <b>10,071</b>           | 11,899                                   | 21,970                                   |
| <b>Cáin ar an bhfarasbarr</b>                                                                               |       |                         |                                          |                 |                         |                                          |                                          |
| <b>ó ghnáthghníomhaíochtaí</b>                                                                              |       |                         |                                          |                 |                         |                                          |                                          |
| Cáin chorparáideach ar an bhfarasbarr<br>ó ghnáthghníomhaíochtaí                                            | 9     | -                       | -                                        | -               | -                       | -                                        | -                                        |
| Cáin ar ghnóthachain chaipitiúla ag eascairt as<br>gnóthachan ó dhiúscairt shuíomh<br>tarchurtha barrachais | 4     | -                       | -                                        | -               | <b>(3,266)</b>          | -                                        | (3,266)                                  |
| <b>Farasbarr don bhliain</b>                                                                                |       | <b>9,285</b>            | 7,176                                    | 16,461          | <b>6,805</b>            | 11,899                                   | 18,704                                   |

<sup>1</sup> : Féach nóta 16.

Is as oibríochtaí leanúnacha a d'eascair gach ioncam reatha agus an farasbarr ó ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús.

Thar cheann an Údaráis

**Mary Finan**  
Cathaoirleach

**Cathal Goan**  
Príomh-Stiúrthóir

**Paddy Marron**  
Comhalta Údaráis  
agus Cathaoirleach  
an Choiste Iniúcháireachta

# GLUAISEACHTAÍ SA CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

|                                                                                                                                            | <i>Nótaí</i> | Bliain dar críoch<br>31 Nollaig<br>2005<br>€'000 | Bliain dar críoch<br>31 Nollaig<br>2004<br>(mar a athshonraíodh)<br>€'000 |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------|--------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------|
| Cuntas ioncaim & caiteachais mar a bhí 1 Eanáir,<br>mar a sonraíodh i dtosach<br>Coigeartú ón mbliain roimhe<br>i ndiaidh fheidhmiú FRS 17 | 2            | 83,009<br>3,217                                  | 76,204<br>51,546                                                          |
